



2023/2226

24.10.2023

TREOIR (AE) 2023/2226 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Deireadh Fómhair 2023

lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 113 agus 115 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽²⁾,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is dúshlán mhóra don Aontas agus ar an leibhéal domhanda iad calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach. Tá an malartú faisnéise ríthábhachtach sa chomhrac i gcoinne cleachtais den sórt sin.
- (2) Leag Parlaimint na hEorpa béim ar an tábhacht pholaitiúil a bhaineann le cánachas cothrom agus le calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac, lena n-áirítear trí chomhar riaracháin níos dlúithe agus trí mhalartú faisnéise níos mó idir na Ballstáit.
- (3) An 7 Nollaig 2021, d'fhormheas an Chomhairle tuarascáil ó Ecofin chuig an gComhairle maidir le cúrsaí cánach ina n-iarrtar ar an gCoimisiún togra reachtach a chur síos in 2022 ina mbeadh tuilleadh athbhreithnithe ar Threoir 2011/16/AE ón gComhairle ⁽³⁾, i ndáil leis an malartú faisnéise maidir le cripteashócmhainní agus rialuithe cánach a bhaineann le daoine saibhre.
- (4) An 26 Eanáir 2021, d'fhoilsigh an Chúirt Iniúchóirí tuarascáil lena scrúdaítear creat dlíthiúil agus cur chun feidhme Threoir 2011/16/AE. Tagtar ar an gconclúid sa tuarascáil sin go bhfuil creat dlíthiúil foriomlán Threoir 2011/16/AE láidir, ach gur gá roinnt forálacha a neartú chun a áirithiú go mbainfear leas iomlán as an malartú faisnéise agus go dtomhaisfear éifeachtacht an uathmhalartaithe faisnéise. Tagtar ar an gconclúid sa tuarascáil freisin gur cheart raon feidhme Threoir 2011/16/AE a mhéadú chun catagóirí breise sócmhainní agus ioncaim a chumhdach, amhail cripteashócmhainní.
- (5) Tá tábhacht níos mó ag baint leis an margadh cripteashócmhainní agus méadaíodh a chaipitliú go mór agus go tapa le 10 mbliana anuas. Is léiriú digiteach ar luach nó ar cheart í cripteashócmhainn ar féidir a aistriú agus a stóráil go leictreonach trí theicneolaíocht mórleabhar dáilte nó teicneolaíocht chomhchosúil a úsáid.
- (6) Tá rialacha agus treoir curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit, nach ionann iad ó Bhallstát go Ballstát, maidir le cáin a ghearradh ar ioncam a dhíorthaítear ó idirbhearta cripteashócmhainní. Mar gheall ar chineál dlíraithe cripteashócmhainní, áfach, is deacair do riaracháin chánach na mBallstát comhlíonadh cánach a áirithiú.

⁽¹⁾ Tuairim an 13 Meán Fómhair 2023 nár foilsíodh fós in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh .

⁽²⁾ Tuairim an 23 Márta 2023 (IO C 184, 25.5.2023, lch. 55).

⁽³⁾ Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1).

- (7) Le Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, leathnaíodh creat rialála an Aontais chuig saincheisteanna cripteashócmhainní nach raibh á rialú go dtí seo ag gníomhartha seirbhísí airgeadais an Aontais agus chuig soláthraithe seirbhísí i ndáil leis na cripteashócmhainní sin ('soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní'). Leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/1114 na sainmhínte a úsáidtear chun críocha na Treorach seo. Cuirtear san áireamh sa Treoir seo freisin an ceanglas údarúcháin le haghaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní faoi Rialachán (AE) 2023/1114 chun an t-ualach riaracháin ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a íoslaghdú. Mar gheall ar chineál bunúsach trasteorann cripteashócmhainní, tá gá le comhar riaracháin idirnáisiúnta láidir chun rialáil éifeachtach a áirithiú.
- (8) Le creat an Aontais maidir leis an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT), leathnaítear raon feidhme na n-eintiteas faoi oibleagáid atá faoi réir rialacha AML/CFT chuig soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a rialaítear le Rialachán (AE) 2023/1114. Ina theannta sin, leathnaítear le Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ an oibleagáid atá ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí a chur le haistrithe cistí chuig soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní d'fhonn inrianaitheacht aistrithe cripteashócmhainní a áirithiú chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.
- (9) Ar an leibhéal idirnáisiúnta, is é is aidhm don Chreat Tuairiscithe maidir le Cripteashócmhainní de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), a leagtar amach i gCuid I den doiciméad 'Creat Tuairiscithe Cripteashócmhainní agus Leasuithe ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe' arna fhorghas ag ECFE an 26 Lúnasa 2022 ('Creat Tuairiscithe Cripteashócmhainní ECFE'), trédhearacht chánach níos fearr a thabhairt isteach maidir le cripteashócmhainní agus maidir le tuairisciú ina leith. Ba cheart an creat a d'fhorbair ECFE a chur san áireamh i rialacha an Aontais chun éifeachtacht an mhalartaithe faisnéise a mhéadú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú. Agus an Treoir seo á cur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as na Tráchtairreachtaí ar an Samhail-chomhaontú idir Údaráis Inniúla, a leagtar amach sa doiciméad 'Caighdeán Idirnáisiúnta le haghaidh Uathmhalartú Faisnéise i gCúrsaí Cánach: Creat Tuairiscithe Cripteashócmhainne agus nuashonrú 2023 ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe', arna seoladh ag ECFE an 8 Meitheamh 2023 ('Tráchtairreachtaí ar an Samhail-chomhaontú idir Údaráis Inniúla'), agus as Creat Tuairiscithe Cripteashócmhainní ECFE mar fhoinsí léirithe nó léirmhínte agus chun comhsheasmhacht a áirithiú i ndáil leis an gcur i bhfeidhm ar fud na mBallstát.
- (10) Le Treoir 2011/16/AE, leagtar síos oibleagáidí ar institiúidí airgeadais faisnéis faoi chuntais airgeadais a thuairisciú do riaracháin chánach a gceanglaítear orthu ansin an fhaisnéis sin a mhalartú le Ballstáit ábhartha eile. Níl oibleagáid ann, áfach, maidir leis an gcuid is mó de chripteashócmhainní a thuairisciú faoin Treoir sin toisc nach airgead iad a choimeádtar i gcuntais taisclainne ná i sócmhainní airgeadais. Ina theannta sin, i bhformhór na gcásanna, ní chumhdaítear soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ná oibreoírí cripteashócmhainní leis an sainmhíniú atá ann faoi láthair ar institiúidí airgeadais faoi Threoir 2011/16/AE.
- (11) Chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán nua a eascraíonn as úsáid mhéadaitheach modhanna malartacha íocaíochta agus infheistíochta, a bhfuil rioscaí nua imghabhála cánach ag baint leo agus nach gcumhdaítear go fóill le Treoir 2011/16/AE, ba cheart cripteashócmhainní agus a n-úsáideoirí a chumhdach leis na rialacha maidir le tuairisciú agus malartú faisnéise.
- (12) Chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, ba cheart an tuairisciú a bheith éifeachtach, simplí agus sainithe go soiléir. Is deacair teagmhais inchánach a tharlaíonn agus infheistíocht á déanamh i gcripteashócmhainní a bhrath. Is iad soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní tuairiscithe is fearr atá in ann an fhaisnéis is gá faoina n-úsáideoirí a bhailiú agus a fhíorú. Ba cheart an t-ualach riaracháin a íoslaghdú don tionscal ionas go mbeidh sé in ann a lánachmhainneacht a fhorbairt san Aontas.

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus le cripteashócmhainní áirithe agus lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 1).

- (13) Tá uathmhalartú faisnéise idir údaráis chánach ríthábhachtach chun go mbeidh an fhaisnéis is gá acu ionas go mbeidh siad in ann measúnú ceart a dhéanamh ar na méideanna cánach ioncaim atá dlíte. Ba cheart idirbhearta trasteorann agus idirbhearta intíre araon a chumhdach leis an oibleagáid tuairiscithe chun éifeachtacht na rialacha tuairiscithe, dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, cothrom iomaíochta agus urramú phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a áirithiú.
- (14) Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a rialaítear le Rialachán (AE) 2023/1114 agus a údaraítear faoin Rialachán sin agus maidir le hoibreoírí cripteashócmhainní nach rialaítear leis an Rialachán sin ná nach n-údaraítear faoin Rialachán sin. Tagraítear don dá ghrúpa mar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní tuairiscithe toisc go gceanglaítear orthu tuairisciú faoin Treoir seo. Tá an tuiscint ghinearálta ar a bhfuil i gceist le cripteashócmhainní an-leathan agus áirítear léi cripteashócmhainní arna n-eisiúint ar bhealach dlíraithe, chomh maith le cripteamhonaí cobhsaí, lena n-áirítear comharthaí ríomh-airgid mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/1114 agus comharthaí neamh-idirmhalartacha áirithe. Tá cripteashócmhainní ar féidir iad a úsáid chun críoch íocaíochta nó infheistíochta intuairiscithe faoin Treoir seo. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní tuairiscithe a mheas ar bhonn cás ar chás cé acu is féidir nó nach féidir cripteashócmhainní a úsáid chun críocha íocaíochta agus infheistíochta, agus na díolúintí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2023/1114 á gcur san áireamh, go háirithe maidir le líonra teoranta agus comharthaí fóntais áirithe.
- (15) Chun a chur ar a gcumas do riaracháin chánach anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fhaigheann siad agus í a úsáid i gcomhréir le forálacha náisiúnta, mar shampla chun faisnéis a mheaitseáil agus luacháil a dhéanamh ar shócmhainní agus ar ghnóthachain chaipitiúla, is iomchúí tuairisciú agus malartú faisnéise a éileamh, faisnéis atá foroinnte i ndáil le gach cripteashócmhainn a ndearna an t-úsáideoir cripteashócmhainní idirbhearta ina leith.
- (16) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun forálacha maidir le huathmhalartú faisnéise idir údaráis inniúla a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na socrúithe praiticiúla is gá a ghlacadh chun uathmhalartú faisnéise sainordaitheach a thuairiscíonn soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní tuairiscithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear foirm chaighdeánach le haghaidh malartú faisnéise. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾.
- (17) Féadfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2023/1114 a ngníomhaíocht a dhéanamh san Aontas trí nós imeachta an phas nuair atá a n-údarú faighte acu i mBallstát. Chun na gcríoch sin, coinníonn an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA) clár le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní údaraithe. Ina theannta sin, coinníonn ESMA dúliosta d'oibreoírí a fheidhmíonn seirbhísí cripteashócmhainní ar gá údarú a fháil ina leith faoi Rialachán (AE) 2023/1114.
- (18) Maidir le hoibreoírí cripteashócmhainní nach dtagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1114 ach a bhfuil oibleagáid orthu faisnéis a thuairisciú faoi na húsáideoírí cripteashócmhainní a bhfuil cónaí orthu san Aontas de bhun na Treorach seo, ba cheart a chur de cheangal orthu clárú in aon Bhallstát amháin chun a n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh.
- (19) Chun comhar riaracháin a chothú le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad, ba cheart cead a bheith ag oibreoírí cripteashócmhainní a chomhlíonann coinníollacha áirithe faisnéis maidir le húsáideoírí cripteashócmhainní a bhfuil cónaí orthu san Aontas a thuairisciú d'údaráis chánach dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í amháin a mhéid a chomhfhreagraíonn an fhaisnéis a thuairiscítear don fhaisnéis a leagtar amach sa Treoir seo agus a mhéid atá comhaontú éifeachtach cáilitheach i bhfeidhm idir údaráis inniúla agus dlínse den sórt sin nach dlínse de chuid an Aontais í. Ina dhiaidh sin, chuirfeadh an dlínse cháilithe nach dlínse de chuid an Aontais í an fhaisnéis sin in iúl do riaracháin chánach na mBallstát ina bhfuil úsáideoírí cripteashócmhainní ina gcónaí. I gcás inarb iomchúí, ba cheart an sásra sin a úsáid ionas nach ndéanfar faisnéis chomhfhreagrach a thuairisciú agus a tharchur níos mó ná aon uair amháin.
- (20) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun a chinneadh, maidir le faisnéis is gá a mhalartú de bhun comhaontú idir údaráis inniúla Ballstáit agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í, cé acu a chomhfhreagraíonn nó nach gcomhfhreagraíonn an fhaisnéis sin don fhaisnéis a shonraítear sa Treoir seo. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Ós rud é go bhfuil sé fós faoi inniúlacht na mBallstát

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

comhaontuithe a thabhairt i gcrích le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais dhírigh, d'fhéadfaí gníomhaíocht an Choimisiúin a chur i ngníomh freisin le hiarraidh ó Bhallstát. Chun na críche sin, is gá go bhfuil an Coimisiún in ann an chomhfhreagairt a chinneadh freisin, tar éis iarraidh a fháil ó Bhallstát, sula mbeartaítear comhaontú den sórt sin a thabhairt i gcrích. I gcás ina mbeidh malartú faisnéise den sórt sin bunaithe ar chomhaontú iltaobhach údarás inniúil, ba cheart don Choimisiún an cinneadh a dhéanamh maidir le comhfhreagairt i ndáil leis an gcreat ábhartha ina iomláine a chumhdaítear leis an gcomhaontú údarás inniúil sin. Mar sin féin, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann fós don Choimisiún an cinneadh a dhéanamh maidir le comhfhreagairt, i gcás inarb iomchuí, i ndáil le comhaontú déthaobhach údarás inniúil.

- (21) A mhéid is íoschaighdeán nó a choibhéis é an caighdeán idirnáisiúnta maidir le tuairisciú agus uathmhalartú faisnéise maidir le cripteashócmhainní, eadhon Creat Tuairiscithe Cripteashócmhainní ECFE, ar caighdeán é lena mbunaítear raon feidhme agus inneachar íosta maidir lena chur chun feidhme ag dlínsí, níor cheart a cheangal go ndéanfadh an Coimisiún cinneadh maidir le comhfhreagairt idir an Treoir seo agus Creat Tuairiscithe Cripteashócmhainní ECFE. trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, ar choinníoll go bhfuil comhaontú éifeachtach cáilitheach idir údarás inniúla i bhfeidhm idir na dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad agus na Ballstáit uile.
- (22) Cé gur thacaigh G20 le Creat Tuairiscithe Cripteashócmhainní ECFE agus gur mhol sé go gcuirfí chun feidhme é, níl aon chinneadh déanta fós maidir le cé acu a mheasfaí nó nach measfaí é a bheith ina íoschaighdeán nó a choibhéis. Go dtí go ndéanfar an cinneadh sin, tá dhá chur chuige éagsúla sa Treoir seo chun comhfhreagairt a chinneadh.
- (23) Leis an Treoir seo, ní ghactar ionad aon oibleagáidí níos leithne a eascraíonn as Rialachán (AE) 2023/1114.
- (24) Chun cóineasú a chothú agus maoirseacht chomhsheasmhach a chur chun cinn maidir leis an Treoir seo agus le Rialachán (AE) 2023/1114, tá údarás inniúla le hoibriú i gcomhar le húdarás nó institiúidí náisiúnta eile agus faisnéis ábhartha a chomhroinnt.
- (25) Maidir le díolúine ó oibleagáidí tuairiscithe dá bhforáiltear sa Treoir seo, atá ag brath ar shásraí comhfhreagracha tuairiscithe agus malartaithe a chinneadh i ndáil le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad agus i ndáil leis na Ballstáit, níor cheart feidhm a bheith aici ach amháin i réimse an chánachais, agus go háirithe chun críoche na Treorach seo, agus níor cheart í a mheas mar bhonn chun comhfhreagairt a aithint i réimsí eile de dhlí an Aontais.
- (26) Tá sé rithábhachtach atreisiú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2011/16/AE maidir leis an bhfaisnéis atá le tuairisciú nó le malartú chun dul in oiriúint d'fhorbairtí nua ar mhargaí éagsúla agus, dá bhrí sin, dul i ngleic go héifeachtach le hiompar sainaitheanta maidir le calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach. Ba cheart na forbairtí a fheictear sa mhargadh inmheánach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta a léiriú sna forálacha sin d'fhonn tuairisciú éifeachtach agus malartú éifeachtach faisnéise a bhaint amach. Dá bhrí sin, áirítear sa Treoir seo, i measc rudaí eile, na leasuithe is déanaí ar Chomhchaighdeán Tuairiscithe ECFE, lena n-áirítear comhtháthú na bhforálacha maidir le ríomh-airgead agus airgeadra digiteach na mbanc ceannais, a leagtar amach i gCuid II den Chreat Tuairiscithe maidir le Cripteashócmhainní agus Leasuithe ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe arna fhorghabháil ag ECFE an 26 Lúnasa 2022, agus leathnú raon feidhme an uathmhalartaithe faisnéise maidir le rialuithe cánach trasteorann i ndáil le rialuithe áirithe i dtaca le daoine nádúrtha. Agus na leasuithe is déanaí ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe á gcur chun feidhme acu, mar a áirítear sa Treoir seo iad, agus mar a luadh cheana sna haithrisí a ghabhann le Treoir 2014/107/AE ón gComhairle (*) i ndáil leis an leagan bunaidh den Chomhchaighdeán Tuairiscithe, ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as na Tráchtairreachtaí ar an Samhail-chomhaontú idir údarás inniúla agus an Comhchaighdeán Tuairiscithe, lena n-áirítear anois na leasuithe is déanaí ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe, mar fhoinsí léirithe nó léirmhínte agus chun comhsheasmhacht a áirithiú maidir leis an gcur i bhfeidhm ar fud na mBallstát.

(*) Treoir 2014/107/AE ón gComhairle an 9 Nollaig 2014 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir leis an uathmhalartú faisnéise sainordaitheach i réimse an chánachais (IO L 359, 16.12.2014, lch. 1)

- (27) Úsáidtear ríomh-airgead, mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/110/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾, go minic san Aontas, agus tá méadú ag teacht ar líon na n-idirbheart agus a gcomhluach de réir a chéile. Ní chumhdaítear ríomh-airgead go sainráite le Treoir 2011/16/AE, áfach. Tá cineálacha éagsúla cur chuige ag na Ballstáit i leith ríomh-airgid. Mar thoradh air sin, ní chumhdaítear táirgí gaolmhara i gcónaí leis na catagóirí ioncaim agus caipitil atá ann cheana i dTreoir 2011/16/AE. Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha a thabhairt isteach i dTreoir 2011/16/AE chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag oibleagáidí tuairiscithe maidir le ríomh-airgead.
- (28) Chun deireadh a chur le bealaí éalaithe lena gcumasaítear calaois chánach, imghabháil cánach, agus seachaint cánach, ba cheart a chur de cheangal ar na Ballstáit faisnéis a bhaineann le hioncam a dhíorthaítear ó dhíbhinní neamhchoimeáda a mhalartú. Ba cheart, dá bhrí sin, ioncam a dhíorthaítear ó dhíbhinní neamhchoimeáda a áireamh sna catagóirí ioncaim atá faoi réir uathmhalartú faisnéise.
- (29) Tá an uimhir chéannachta chánach (TIN) riachtanach chun go mbeidh na Ballstáit in ann an fhaisnéis a fhaightear a mheaitseáil le sonraí atá i mbunachair sonraí náisiúnta. Cuireann sí le cumas na mBallstát na cáiniocóirí ábhartha a shainathint agus measúnú ceart a dhéanamh ar na cánacha gaolmhara. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit TIN na ndaoine aonair agus na n-eintiteas a tuairiscíodh san áireamh i dtuairiscíú agus i gcur in iúl faisnéise i gcomhthéacs malartuithe a bhaineann le catagóirí ioncaim agus caipitil atá faoi réir uathmhalartú faisnéise sainordaitheach, cuntais airgeadais, rialuithe cánach trasteorann agus réamh-chomhaontuithe praghsála, tuarascálacha de réir tíre, socruithe intuairiscithe trasteorann, faisnéis faoi dhíoltóirí ar ardáin dhigiteacha agus ar chripteachócmhainní.
- (30) Chun infhaighteacht TIN a mhéadú d'údaráis inniúla na mBallstát, ba cheart do gach Ballstát na bearta is gá a dhéanamh lena gceanglaítear go dtuairisceofar TIN na ndaoine aonair agus na n-eintiteas arna n-eisiúint ag an mBallstát cónaithe i ndáil le hioncam ó fhostaíocht, táillí stiúrthóra agus pinsin agus i ndáil le rialuithe cánach trasteorann agus réamh-chomhaontuithe praghsála, tuarascálacha de réir tíre agus socruithe intuairiscithe trasteorann. Féadfar go bhfuil sna bearta sin ceanglais dlí intíre a thabhairt isteach faoin spriocdháta trasuite a leagtar amach sa Treoir seo, chun TIN a thuairiscíú. Thairis sin, tar éis theacht i bhfeidhm Threoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle ⁽⁹⁾ agus, i bhfianaise na rialacha maidir le tearmainn a leagtar amach sa Treoir sin, tá sé tábhachtach meaitseáil chuí a áirithiú, i gcomhthéacs an uathmhalartaithe faisnéise shainordaitheach maidir le tuarascálacha de réir tíre de bhun Threoir 2011/16/AE. Aithníonn na Ballstáit freisin, áfach, go bhféadfadh cásanna annamha a bheith ann nuair nach féidir leis an eintiteas tuairiscithe nó an duine aonair tuairiscithe TIN a bhailiú agus a thuairiscíú, lena n-áirítear, in ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh, cásanna nárbh fhéidir leis an eintiteas tuairiscithe nó an duine aonair tuairiscithe TIN a bhailiú nó nár eisíodh TIN don cháiniocóir.
- (31) Ba cheart do gach Ballstát, i gcás ina bhfuair údarás inniúil an Bhallstáit é, TIN na ndaoine aonair agus na n-eintiteas arna n-eisiúint ag an mBallstát cónaithe a chur san áireamh sna malartuithe a bhaineann le rialuithe cánach trasteorann agus réamh-chomhaontuithe praghsála, tuarascálacha de réir tíre agus socruithe intuairiscithe trasteorann.
- (32) In éagmais malartú rialuithe maidir le daoine nádúrtha, d'fhéadfadh sé nach mbeadh riaracháin chánach na mBallstát lena mbaineann ar an eolas faoi na rialuithe sin. Tá baol ann, dá bhrí sin, go gcruthófar deiseanna le haghaidh calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach. Chun an baol sin a laghdú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart don uathmhalartú rialuithe cánach trasteorann na rialuithe sin a chumhdach i gcás ina sáraíonn méid an idirbhirt nó na sraithe idirbheart den rialú cánach trasteorann tairseach shonrach.

⁽⁸⁾ Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstiúidí airgid leictreonaigh agus leanúint den ghnó sin agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

⁽⁹⁾ Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórsála intíre san Aontas (IO L 328, 22.12.2022, lch. 1)

- (33) Ba cheart rialuithe cánach trasteorann lena gcinntear cé acu atá nó nach bhfuil duine ina chónaitheoir chun críoch cánach sa Bhallstát a eisióinn an rialú a mhalartú go huathoibríoch freisin. Mar sin féin, ar mhaithe le comhréireacht, agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, níor cheart cineálacha coiteanna rialuithe cánach trasteorann ar féidir gné den chinneadh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil duine nádúrtha ina chónaitheoir chun críoch cánach i mBallstát a bheith i gceist leo, níor cheart dóibh a bheith, ar an bhforas sin amháin, faoi réir malartú faisnéise maidir le rialuithe cánach trasteorann. Níor cheart rialuithe cánach trasteorann maidir le cánachas ag an bhfoinse i ndáil le hioncam neamhchónaitheoirí ó fhostaíocht, táillí stiúrthóra nó pinsin a mhalartú, ach amháin i gcás ina sáraíonn méid an idirbhirt nó na sraithe idirbheart den rialú cánach trasteorann an tairseach.
- (34) Tá coinne leis go dtabharfaidh roinnt Ballstát seirbhísí sainaitheantais isteach mar mhodh simplithe agus caighdeánaithe chun soláthraithe seirbhísí agus cáinócóirí a shainaithint. Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit ar mian leo úsáid a bhaint as an bhformáid sin maidir le sainaitheantais é sin a dhéanamh ar choinníoll nach ndéanfaidh sé difear do shreabhadh ná do cháilíocht na faisnéise atá ag Ballstáit eile nach n-úsáideann na seirbhísí sainaitheantais sin. Dá bhrí sin, níor cheart go ndéanfaidh úsáid seirbhísí sainaitheantais difear do na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí ná do na ceanglais maidir le faisnéis a bhailiú. Thairis sin, má tá an cur chuige sin éagsúil le caighdeán chomhfhreagracha ECFE maidir le huathmhalartú faisnéise ar bhealaí áirithe, níor cheart tionchar a bheith ag na forálacha sa Treoir seo i ndáil le húsáid seirbhísí sainaitheantais ar an gcinneadh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis a thuairiscítear agus a mhalartaítear de bhun comhaontú idir údarais inniúla Ballstáit agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í coibhéiseach nó comhfhreagrach don fhaisnéis a shonraítear sa Treoir seo.
- (35) Tá sé tábhachtach, ar bhonn prionsabail, go n-úsáidfean an fhaisnéis a chuirtear in iúl faoi Threoir 2011/16/AE chun cánacha a chumhdaítear faoi raon feidhme ábhartha na Treorach sin a mheasúnú, a riar agus a fhorfheidhmiú. Mar sin féin, tháinig éiginnteachtaí maidir le húsáid faisnéise chun cinn mar gheall ar chreat doiléir. I bhfianaise an naisc idir calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach, agus sciúradh airgid, i dtéarmaí forfheidhmithe freisin, is iomchuí a shoiléiriú go bhféadfar faisnéis a chuirtear in iúl idir na Ballstáit a úsáid freisin chun dleachtanna custaim a mheasúnú, a riar agus a fhorfheidhmiú agus chun an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac.
- (36) I bhfianaise mhéid agus chineál na faisnéise a bhailítear agus a mhalartaítear ar bhonn Threoir 2011/16/AE, is féidir an fhaisnéis sin a bheith úsáideach i réimsí áirithe eile. Cé gur cheart, mar riail ghinearálta, úsáid na faisnéise sin i réimsí eile a theorannú do limistéir arna bhformheas ag an mBallstát a chuireann an fhaisnéis in iúl i gcomhréir leis an Treoir seo, is gá úsáid níos leithne na faisnéise a cheadú i gcásanna a bhfuil saintréithe sonracha tromchúiseacha ag baint leo agus i gcás inar comhaontaíodh ar leibhéal an Aontais gníomhaíocht a dhéanamh. Is éard a bheadh sna cásanna sin go háirithe na cásanna ina ndearnadh cinntí de bhun Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le bearta sriantacha. Is féidir faisnéis a mhalartaítear faoi Threoir 2011/16/AE a bheith an-ábhartha chun sárú ar bhearta sriantacha nó imchéimniú na mbeart sin a bhrath. Ina chomaoin sin, beidh aon sárú féideartha ar na bearta sriantacha ábhartha chun críoch cánach, ós rud é gur seachaint cánach i ndáil leis na sócmhainní lena mbaineann a bheadh i gceist le seachaint beart sriantach i bhformhór na gcásanna. I bhfianaise na sineirgí dóchúlacha agus an dlúthnaisc idir seachaint beart sriantach a bhrath agus seachaint cánach a bhrath, is iomchuí, dá bhrí sin, úsáid bhreise na faisnéise a údarú.
- (37) Tá sé rithabhachtach go n-úsáidfidh údarás inniúil gach Ballstáit a fhaigheann an fhaisnéis sin an fhaisnéis a chuirtear in iúl faoi Threoir 2011/16/AE. Dá bhrí sin, is iomchuí a cheangal ar údarás inniúil gach Ballstáit sásra éifeachtach a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go n-úsáidfean faisnéis a fhaightear trí thuairisciú nó trí mhalartú faisnéise faoi Threoir 2011/16/AE. Is féidir a áireamh ar úsáid na faisnéise sin, mar shampla, clár chomhlíontachta dheonacha, fógraí chun nochtadh a ghiniúint, feachtais feasachta, tuairisceáin chánach a réamhlíonadh, measúnuithe riosca, iniúchtaí teoranta, iniúchtaí ginearálta, códú cánach, meastachán cánach, comhshamhlú i gcórais náisiúnta agus bearta eile a bhaineann le cáin.
- (38) Chun feabhas a chur ar úsáid éifeachtúil acmhainní, chun malartú faisnéise a éascú agus ionas nach mbeadh ar na Ballstáit uile athruithe den chineál céanna a dhéanamh ar a gcórais stórála faisnéise, ba cheart eolairé lánach a bhunú don fhaisnéis atá le cur in iúl maidir le cripteashócmhainní, a mbeadh rochtain ag na Ballstáit uile air agus a mbeadh rochtain ag an gCoimisiún air chun críocha staidrimh amháin, ar a ndéanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis

thuiriscithe a uaslódáil agus a stóráil in ionad í a mhalartú trí ríomhphost slán. Níor cheart cead a thabhairt do na Ballstáit rochtain a fháil ach amháin ar shonraí san eolaire lárnach sin a bhaineann lena gcónaitheoirí féin. Ba cheart gach rochtain agus gach srian ar rochtain ar an eolaire lárnach a bheith i gcomhréir leis na ceanglais faoi Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾. D'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na socruithe praiticiúla is gá a ghlacadh chun an t-eolaire lárnach sin a bhunú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

- (39) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun uirlis a fhorbairt lena bhféadfar fíorú leictreonach agus uathobrithe a dhéanamh ar chruinneas TIN arna sholáthar ag an gcáinócóir nó ag an eintiteas tuairiscithe nó ag an duine tuairiscithe. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Tá uirlis TF atá le soláthar do na Ballstáit ceaptha cuidiú maidir leis na rátaí meaitseála a mhéadú le haghaidh riaracháin chánach agus maidir le feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise a mhalartaítear i gcoitinne.
- (40) Níor cheart an íostréimhse choinneála i ndáil le taifid faisnéise a fhaightear trí mhalartú faisnéise idir na Ballstáit de bhun Threoir 2011/16/AE a bheith níos faide ná mar is gá ach, in aon chás, níor cheart í a bheith níos giorra ná 5 bliana. Níor cheart do na Ballstáit faisnéis a choinneáil níos faide ná mar is gá chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach.
- (41) Is rialaitheoirí sonraí iad institiúidí airgeadais tuairiscithe, idirghabhálaithe, oibreoirí ardán tuairiscithe, soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní tuairiscithe nó údaráis inniúla na mBallstát de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679. I gcás ina gcinneann dhá rialaitheoir nó níos mó de na rialaitheoirí sin go comhpháirteach na críocha agus na bealaí le sonraí pearsanta a phróiseáil, meastar gur rialaitheoirí comhpháirteacha iad. Mar shampla, meastar gur rialaitheoirí comhpháirteacha ar an eolaire lárnach iad údaráis inniúla na mBallstát, tar éis dóibh teacht ar chomhaontú go comhpháirteach maidir leis na sonraí pearsanta atá le próiseáil agus maidir leis an modh próiseála.
- (42) Chun forfheidhmiú cuí na rialacha faoin Treoir seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme i ndáil le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun fhorálacha na Treorach seo i dtaca le huathmhalartú faisnéise sainordaitheach a thuairiscíonn soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní tuairiscithe, agus ba cheart dóibh gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfead chun feidhme iad. Ba cheart na pionóis sin dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach ach fós féin is faoin mBallstát atá sé an rogha a dhéanamh cén pionóis a bheadh i gceist.
- (43) Ar mhaithe leis an uainiú idir an mheastóireacht ar chur i bhfeidhm Threoir 2011/16/AE agus an mheastóireacht dhébhliantúil ar ábharthacht na saintréithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir seo a chomhchuihiú, ba cheart uainiú na bpróiseas meastóireachta sin a ailíniú.
- (44) Agus an breithiúnas ón gCúirt Bheithiúnais an 8 Nollaig 2022 i gCás C-694/20, *Orde van Vlaamse Balies and Others* ⁽¹¹⁾, á chur san áireamh, ba cheart Treoir 2011/16/AE a leasú ar bhealach nach mbeidh d'éifeacht ag a forálacha go gceanglófar ar dhlíodóirí atá ag gníomhú mar idirghabhálaí, i gcás ina bhfuil siad díolmhaithe ón oibleagáid tuairiscithe mar gheall ar an bpríbhleid ghairmiúil dlíodóra atá de cheangal orthu, fógra a thabhairt d'aon idirghabhálaí eile nach iad a gcliant faoi oibleagáidí tuairiscithe an idirghabhálaí sin. Mar sin féin, maidir le haon idirghabhálaithe atá díolmhaithe ón oibleagáid tuairiscithe mar gheall ar an bpríbhleid ghairmiúil dlíodóra atá de cheangal orthu, ba cheart go mbeadh sé de cheangal orthu go fóill fógra a thabhairt dá gcliant faoi oibleagáidí tuairiscithe an chliant sin gan mhoill.

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1)

⁽¹¹⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bheithiúnais an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balies and Others*, C-694/20, ECLI:EU:C:2022:963.

- (45) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾ agus thug sé tuairim uaidh an 3 Aibreán 2023 ⁽¹³⁾.
- (46) Urramaítear na cearta bunúsacha leis an Treoir seo mar aon leis na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Go háirithe, leis an Treoir seo, áirithítear go dtugtar lánurraim don cheart maidir le cosaint sonraí pearsanta a chumhdaítear in Airteagal 8 den Chairt. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach a mheabhrú go bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoi Threoir 2011/16/AE. Ina theannta sin, féachann an Treoir seo lena áirithiú go n-urramófar go hiomlán an tsaoirse chun gnó a dhéanamh.
- (47) Maidir le cuspóir Threoir 2011/16/AE, is é sin comhar riaracháin éifeachtúil idir na Ballstáit faoi choinníollacha atá comhoiriúnach le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit an cuspóir sin a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, de bharr na haonfhoirmeachta agus na héifeachtachta is gá, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (48) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2011/16/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 2011/16/AE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) leasaítear pointe 9 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) chun críocha Airteagal 8(1) agus Airteagail 8a go 8ad, faisnéis réamhshainithe a chur in iúl ar bhonn córasach do Bhallstát eile, gan réamhiarraidh, ag eatraimh thráthrialta réamhbhunaithe. Chun críocha Airteagal 8(1), baineann tagairt d'fhaisnéis atá ar fáil le faisnéis i gcomhaid chánach an Bhallstáit sin a bheidh ag cur na faisnéise in iúl, ar féidir teacht uirthi i gcomhréir leis na nósanna imeachta maidir le faisnéis a bhailiú agus a phróiseáil sa Bhallstát sin;'

(ii) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) chun críocha fhorálacha na Treorach seo seachas Airteagal 8(1) agus Airteagal (3a) agus Airteagail 8a go 8ad, faisnéis réamhshainithe a chur in iúl ar bhonn córasach, faisnéis dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), den phointe seo;'

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'I gcomhthéacs an Airteagail seo, Airteagail 8(3a), 8(7a), 21(2) agus Iarscríbhinn IV, beidh ag aon téarma caipitlithe an bhrí atá aige faoi na sainmhínte comhfhreagracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I. I gcomhthéacs Airteagal 21(5) agus Airteagal 25(3) agus (4), beidh ag aon téarma faoi cheannlitir an bhrí atá aige faoi na sainmhínte comhfhreagracha a leagtar amach in Iarscríbhinní I, V nó VI. I gcomhthéacs Airteagal 8aa agus Iarscríbhinn III, beidh ag aon téarma faoi cheannlitir an bhrí atá aige faoi na sainmhínte comhfhreagracha a leagtar amach in Iarscríbhinn III. I gcomhthéacs Airteagal 8ac agus Iarscríbhinn V, beidh ag aon téarma faoi cheannlitir an bhrí atá aige faoi na sainmhínte comhfhreagracha a leagtar amach in Iarscríbhinn V. I gcomhthéacs Airteagal 8ad agus Iarscríbhinn VI, beidh ag aon téarma faoi cheannlitir an bhrí atá aige faoi na sainmhínte comhfhreagracha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI;'

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

⁽¹³⁾ IO C 199, 7.6.2023, lch. 5

(b) i bpointe 14, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) baineann sé le hidirbheart trasteorann, nó leis an gceist cé acu an gcruthaítear nó nach gcruthaítear buanbhunaíocht le gníomhaíochtaí a dhéanann duine i ndlíne eile nó leis an gceist cé acu atá nó nach bhfuil duine nádúrtha ina chónaitheoir chun críoch cánach sa Bhallstát a eisíonn an rialú; agus';

(c) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

28. ciallaíonn 'ioncam díbhinne neamhchoimeáda' díbhinní nó ioncam eile a láimhseáiltear mar dhíbhinní i mBallstát an íocóra a íoctar nó a chuirtear chun sochair cuntais seachas Cuntas Cumhdaigh mar a shainmhínítear i Roinn VIII, fomhír C(3), d'Iarscríbhinn I;

29. ciallaíonn 'táirgí árachais saoil nach gcumhdaítear le hionstraimí dlí eile de chuid an Aontais maidir le malartú faisnéise agus bearta eile den chineál céanna' Conarthaí Árachais, seachas Conarthaí Árachais ar Luach in Airgead Tirim atá faoi réir tuairisciú faoi Roinn I d'Iarscríbhinn I, i gcás ina bhfuil sochair faoi na conarthaí iníochta ar bhás sealbhóra polasaí;

30. ciallaíonn 'seoladh mórleabhar dáilte' seoladh mórleabhar dáilte dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

31. ciallaíonn 'cliant', chun críocha Airteagal 8ab, aon idirghabhálaí nó cáiníocóir ábhartha, a fhaigheann seirbhísí, lena n-áirítear cúnaimh, comhairle, moltaí nó treoir, ó idirghabhálaí, faoi réir pribhléid ghairmiúil dlíodóra i ndáil le socrú intuairiscithe trasteorann.

(* Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margáí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).;

(2) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'1. Déanfaidh an t-údarás inniúil i ngach Ballstát, trí uathmhalartú, gach faisnéis atá le fáil a bhaineann le cónaitheoirí an Bhallstáit eile sin a chur in iúl don údarás inniúil in aon Bhallstát eile, maidir leis na catagóirí sonracha ioncaim agus caipítíl seo a leanas de réir mar a thuigfead iad faoi reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit a chuireann an fhaisnéis in iúl:

(a) ioncam ó fhostaíocht;

(b) táillí stiúrthóra;

(c) ioncam ó tháirgí árachais saoil nach gcumhdaítear in ionstraimí dlí eile de chuid an Aontais maidir le malartú faisnéise agus bearta eile den chineál céanna;

(d) pinsin;

(e) úinéireacht réadmhaoine agus ioncam ón maoin sin;

(f) ríchíosanna;

(g) ioncam díbhinne neamhchoimeáda seachas ioncam ó dhíbhinní atá díolmhaithe ó cháin ioncaim chorparáide de bhun Airteagail 4, 5 nó 6 de Threoir 2011/96/AE ón gComhairle (*).;

(* Treoir 2011/96/AE ón gComhairle an 30 Samhain 2011 maidir leis an gcomhchóras cánachais is infheidhme i gcás máthairchuideachtaí agus fochuideachtaí de chuid Ballstáit éagsúla (IO L 345, 29.12.2011, lch. 8).;

(b) i mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'Roimh an 1 Eanáir 2026, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi chúig chatagóir ar a laghad a liostaítear i mír 1, an chéad fhomhír, a ndéanfaidh údarás inniúil gach Ballstáit, trí uathmhalartú, faisnéis ina leith a chur in iúl d'údarás inniúil aon Bhallstáit eile a bhaineann le cónaitheoirí an Bhallstáit eile sin. Bainfidh an fhaisnéis sin le tréimhsí inchánach dar tús an 1 Eanáir 2026 nó i ndiaidh an dáta sin.;

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7a:

‘7a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh eintitis agus cuntais a láimhseálfar, faoi seach, mar Institiúidí Airgeadais Neamh-Thuairiscithe agus mar Chuntais Eisiata, na ceanglais go léir a liostaítear i Roinn VIII, fómhír B(1), pointe (c), agus fómhír C(17), pointe (g), d’Iarscribhinn I, agus go háirithe nach gcuirfidh stádas Institiúide Airgeadais mar Institiúid Airgeadais Neamh-Thuairiscithe nó stádas cuntais mar Chuntas Eisiata aidhmeanna na Treorach seo ó rath.’;

- (3) Leasaítear Airteagal 8a mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 ná 2 i gcás ina mbaineann rialú cánach trasteorann go heisiach le gnóthaí cánach duine nádúrtha amháin nó níos mó, ach amháin i gcás ina ndearnadh an rialú cánach trasteorann sin a eisiúint, a leasú nó a athnuachan tar éis an 1 Eanáir 2026 agus i gcás an mhéid seo a leanas:

- (a) is mó méid an idirbhirt nó na sraithe idirbheart den rialú cánach trasteorann ná EUR 1 500 000 (nó an méid coibhéiseach in aon airgeadra eile), má dhéantar tagairt don mhéid sin sa rialú cánach trasteorann; nó
- (b) cinntear leis an rialú cánach trasteorann cé acu atá nó nach bhfuil duine ina chónaitheoir chun críoch cánach sa Bhallstát a eisiúint an rialú.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), agus gan dochar don mhéid dá dtagraítear sa rialú cánach trasteorann, i sraith idirbheart maidir le hearraí, seirbhísí nó sócmhainní éagsúla, cuimseofar an bunluach iomlán i méid an rialaithe cánach trasteorann. Ní dhéanfar na méideanna a chomhiomlánú má dhéantar na hearraí, na seirbhísí nó na sócmhainní céanna a idirbheartú roinnt uaireanta.

D’ainneoin na chéad fhomhíre, pointe (b), ní áireofar leis an malartú faisnéise maidir le rialuithe cánach trasteorann a bhaineann le daoine nádúrtha na rialuithe sin maidir le cánachas ag an bhfoinse i ndáil le hioncam neamhchónaitheoirí ó fhostaíocht, táillí stiúrthóra nó pinsin.’;

- (b) leasaítear mír 6 mar a leanas:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) céannacht an duine, seachas duine nádúrtha, ach amháin i gcás ina mbaineann an rialú cánach trasteorann le duine nádúrtha agus cuirfear in iúl é de bhun mhíreanna 1 agus 4, agus, i gcás inarb iomchuí, an grúpa daoine lena mbaineann sé.’;

- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (k):

‘(k) céannacht aon duine, seachas duine nádúrtha, ach amháin i gcás ina mbaineann an rialú cánach trasteorann le duine nádúrtha agus cuirfear in iúl é de bhun mhíreanna 1 agus 4, sna Ballstáit eile, más ann dóibh, ar dócha go ndéanfaidh an rialú cánach trasteorann nó an réamh-chomhaontú praghsála difear dó (agus é á thabhairt le fios cé na Ballstáit a bhfuil nasc ag na daoine sin dá ndéanfar difear leo); agus’;

- (4) leasaítear Airteagal 8ab mar a leanas:

- (a) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘5. Féadfaidh gach Ballstát na bearta is gá a dhéanamh chun an ceart a thabhairt d’idirghabhálaithe tarscaoileadh a fháil ó fhaisnéis a chomhdú maidir le socrú intuairiscithe trasteorann i gcás ina sáródh an oibleagáid tuairiscithe an phribhléid ghairmiúil dlíodóra faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin. Sna himthosca sin, déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá lena gceanglaítear ar aon idirghabhálaithe ar tugadh tarscaoileadh dóibh fógra a thabhairt, gan mhoill, dá gcliant, más idirghabhálaí é an cliant sin nó, murab ann don idirghabhálaí sin, más rud é gurb é an cliant sin an cáinócóir ábhartha, faoi oibleagáidí tuairiscithe an chliant sin faoi mhír 6.’;

(b) leasaítear mír 14mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) céannacht na n-idirghabhálaithe, seachas idirghabhálaithe atá díolmhaithe ón oibleagáid tuairiscithe mar gheall ar an bpríbhleáid ghairmiúil dlíodóra de bhun mhír 5, agus na gcáiníocóirí ábhartha, lena n-áirítear a n-ainm, dáta breithe agus áit bhreithe (i gcás duine aonair), áit chónaithe chun críoch cánach, TIN agus, i gcás inarb iomchuí, na daoine ar fiontair chomhlachaithe iad leis an gcáiníocóir ábhartha;’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) achoimre ar ábhar an tsocraithe intuairiscithe trasteorann, lena n-áirítear tagairt don ainm a thugtar air de ghnáth, más ann dó, agus tuairisc ar na socrúithe ábhartha agus aon fhaisnéis eile a d’fhéadfadh cabhrú leis an údarás inniúil riosca cánach a d’fhéadfadh a bheith ann a mheas, gan rún tráchtála, tionsclaíoch nó gairmiúil nó próiseas tráchtála a nochtadh dá bharr, ná faisnéis a mbeadh a nochtadh contrártha don bheartas poiblí;’;

(5) in Airteagal 8ac(2), an chéad fhomhír, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(m) an t-aitheantóir Seirbhíse Sainitheantais agus an Ballstát eisiúna, i gcás ina bhfuil an tOibreoir Ardán Tuairiscithe ag brath ar dheimhniú díreach ar chéannacht agus áit chónaithe an Díoltóra trí Sheirbhís Sainitheantais arna cur ar fáil ag Ballstát nó ag an Aontas chun céannacht agus cónaí chun críoch cánach an Díoltóra a fhionnadh; sna cásanna sin ní gá an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (c) go (g) a chur in iúl do Bhallstát eisiúna aitheantóir na Seirbhíse Sainitheantais.’;

(6) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 8ad

Raon feidhme agus coinníollacha a bhaineann le huathmhalartú faisnéise sainordaitheach a thuairiscíonn Soláthraithe Seirbhíse Cripteashócmhainní Tuairiscithe

1. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá lena gceanglaítear ar Sholáthraithe Seirbhíse Cripteashócmhainní Tuairiscithe na ceanglais tuairiscithe a chomhlíonadh agus na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí a leagtar síos i Ranna II agus III d’Iarscríbhinn VI, faoi seach, a chur i gcrích. Áiríteoidh gach Ballstát freisin cur chun feidhme éifeachtach agus comhlíonadh na mbeart sin i gcomhréir le Roinn V d’Iarscríbhinn VI.

2. De bhun na gceanglas tuairiscithe agus na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí is infheidhme i Ranna II agus III d’Iarscríbhinn VI, faoi seach, déanfaidh údarás inniúil Ballstáit ina ndéantar an tuairiscíú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, trí uathmhalartú, agus laistigh den teorainn ama a leagtar síos i mír 6 den Airteagal seo, an fhaisnéis a shonraítear i mír 3 den Airteagal seo a chur in iúl d’údarás inniúla na mBallstát lena mbaineann i gcomhréir leis na socrúithe praiticiúla arna nglacadh de bhun Airteagal 21.

3. Cuirfidh údarás inniúil Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas in iúl maidir le gach Duine Intuairiscithe:

(a) ainm, seoladh, Ballstá(i)t c(h)ónaithe, TIN(anna) agus, i gcás duine aonair, dáta breithe agus áit bhreithe gach Úsáideora Intuairiscithe agus, i gcás aon Eintitis a shainaithnítear, tar éis na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí a leagtar síos i Roinn III d’Iarscríbhinn VI a chur i bhfeidhm, go bhfuil Duine Rialaithe amháin nó níos mó aige ar Duine Intuairiscithe é, ainm, seoladh, Ballstá(i)t c(h)ónaithe, TIN(anna) an Eintitis agus ainm, seoladh, Ballstá(i)t c(h)ónaithe, TIN(anna) agus dáta breithe agus áit bhreithe gach Duine Rialaithe de chuid an Eintitis ar Duine Intuairiscithe é, mar aon leis an ról/na róil ar dá bhua/dá mbua is Duine Rialaithe de chuid an Eintitis gach Duine Intuairiscithe;

d’ainneoin na chéad fhomhíre den phointe seo, i gcás ina bhfuil an Soláthraí Seirbhíse Cripteashócmhainní Tuairiscithe ag brath ar dheimhniú díreach ar céannacht agus áit chónaithe an Duine Intuairiscithe trí Sheirbhís Sainitheantais a chuireann Ballstát nó an tAontas ar fáil chun céannacht agus cónaí chun críoch cánach an Duine Intuairiscithe a fhionnadh, áireofar leis an bhfaisnéis atá le cur in iúl do Bhallstát eisiúna aitheantóir na Seirbhíse Aitheantais maidir leis an Duine Intuairiscithe an t-ainm, an t-aitheantóir Seirbhíse Sainitheantais agus an Ballstát eisiúna, mar aon leis an ról/na róil ar dá bhua/dá mbua is Duine Rialaithe de chuid an Eintitis é gach Duine Intuairiscithe;

- (b) ainm, seoladh, TIN agus, má tá siad ar fáil, uimhir chéannachta aonair dá dtagraítear i mír 7 agus aitheantóir domhanda eintitis dhlítheanaigh an tSoláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe;
- (c) i ndáil le gach cineál Cripteashócmhainne Intuairiscithe a chuir an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe Idirbhearta Intuairiscithe i bhfeidhm le linn na bliana féilire ábhartha nó le linn tréimhse tuairiscithe iomchuí eile, i gcás inarb ábhartha:
- (i) ainm iomlán an chineáil Cripteashócmhainne Intuairiscithe;
 - (ii) an méid comhlán comhiomlán a íocadh, líon comhiomlán na n-aonad agus líon na nIdirbheart Intuairiscithe i leith éadálacha in aghaidh Airgeadra Fiat;
 - (iii) an méid comhlán comhiomlán a fuarthas, líon comhiomlán na n-aonad agus líon na nIdirbheart Intuairiscithe i leith diúscairtí in aghaidh Airgeadra Fiat;
 - (iv) an margadhluach cóir comhiomlán, líon comhiomlán na n-aonad agus líon na nIdirbheart Intuairiscithe i leith éadálacha in aghaidh Cripteashócmhainní Intuairiscithe eile;
 - (v) an margadhluach cóir comhiomlán, líon comhiomlán na n-aonad agus líon na nIdirbheart Intuairiscithe i leith diúscairtí in aghaidh Cripteashócmhainní Intuairiscithe eile;
 - (vi) an margadhluach cóir comhiomlán, líon comhiomlán na n-aonad agus líon na nIdirbheart Íocaíochta Miondíola Intuairiscithe;
 - (vii) an margadhluach cóir comhiomlán, líon comhiomlán na n-aonad agus líon na nIdirbheart Intuairiscithe, agus arna bhforoinnt de réir cineál aistrithe i gcás inarb eol sin ag an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, i ndáil le hAistrithe chuig an Úsáideoir Intuairiscithe nach gcumhdaítear le pointí (ii) agus (iv);
 - (viii) an margadhluach cóir comhiomlán, líon comhiomlán na n-aonad agus líon na nIdirbheart Intuairiscithe, agus arna bhforoinnt de réir cineál aistrithe i gcás inarb eol sin ag an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, i ndáil le hAistrithe chuig an Úsáideoir Intuairiscithe nach gcumhdaítear le pointí (iii), (v) agus (vi); agus
 - (ix) an margadhluach cóir comhiomlán, chomh maith le líon comhiomlán na n-aonad Aistrithe a chuir an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe i bhfeidhm ar sheoltaí mórleabhar dáilte dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2023/1114 nach eol a bheith bainteach le soláthraí fíorúil seirbhísí sócmhainní nó le hinstiúid airgeadais.

Chun críocha phointe (c)(ii) agus (iii), cuirfear in iúl an méid a íocadh nó a fuarthas san Airgeadra Fiat inar íocadh nó ina bhfuarthas é. I gcás ina ndearnadh na méideanna a íoc nó a fháil in Airgeadraí Fiat iolracha, cuirfear in iúl na méideanna in airgeadra Fiat aonair, arna n-aistriú tráth gach Idirbhirt Intuairiscithe ar bhealach a chuireann an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe i bhfeidhm go comhsheasmhach.

Chun críocha phointe (c)(iv) go (ix), déanfar an margadhluach cóir a chinneadh agus a chur in iúl in Airgeadra Fiat amháin, arna luacháil tráth gach Idirbhirt Intuairiscithe ar bhealach a chuireann an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe i bhfeidhm go comhsheasmhach.

Sonrófar san fhaisnéis a chuirfear in iúl an tAirgeadra Fiat ina dtuairiscítear gach méid.

4. Chun an malartú faisnéise dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a éascú, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socruithe praiticiúla is gá, lena n-áirítear bearta chun cur in iúl na faisnéise a leagtar amach sa mhír sin a chaighdeánú, mar chuid den nós imeachta lena mbunaítear an fhoirm ríomhairithe chaighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 20(5). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 26(2).

5. Ní bheidh rochtain ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 3, pointí (a) agus (b).

6. Cuirfear an teachtaireacht in iúl de bhun mhír 3 den Airteagal seo leis an bhfoirm ríomhairithe chaighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 20(5) laistigh de 9 mí tar éis dheireadh na bliana féilire lena mbaineann na ceanglais tuairiscithe is infheidhme maidir le Soláthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe. Cuirfear an chéad fhaisnéis in iúl don bhliain féilire ábhartha nó do thréimhse tuairiscithe iomchuí eile ón 1 Eanáir 2026.

7. Chun na ceanglais tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh, leagfaidh gach Ballstát síos na rialacha is gá chun a chur de cheangal ar Oibreoir Cripteashócmhainní clárú san Aontas. Leithdháilfidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe uimhir chéannachta aonair ar an Oibreoir Cripteashócmhainní sin.

Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha ar dá mbun a chláróidh Oibreoir Cripteashócmhainní le húdaráis inniúil Ballstáit aonair i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Roinn V, mír F, d'Iarscríbhinn VI.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena gceanglaítear nach bhféadfar Oibreoir Cripteashócmhainní, ar cúlghaireadh a chlárú i gcomhréir le Roinn V, fómhír F(7) d'Iarscríbhinn VI, a chlárú arís ach amháin má sholáthraíonn sé d'údaráis an Bhallstáit lena mbaineann dearbhú iomchuí a mhéid a bhaineann lena ghealltanais na ceanglais tuairiscithe san Aontas a chomhlíonadh, lena n-áirítear aon cheanglas tuairiscithe nár comhlíonadh fós.

8. Ní bheidh feidhm ag mír 7 den Airteagal seo maidir le Soláthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní de réir bhrí Roinn IV, fómhír B(1), d'Iarscríbhinn VI.

9. Leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socrúithe praiticiúla agus teicniúla is gá chun Oibreoirí Cripteashócmhainní a chlárú agus a shainiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 26(2).

10. Bunóidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2025, clár Oibreoirí Cripteashócmhainní ina dtaifeadfar faisnéis atá le cur in iúl i gcomhréir le Roinn V, fómhír F(2), d'Iarscríbhinn VI. Beidh an clár Oibreoirí Cripteashócmhainní sin ar fáil d'údaráis inniúla na mBallstát uile.

11. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, tar éis iarraidh réasúnaithe ó aon Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis is gá a mhalartú go huathoibríoch de bhun comhaontú idir údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í comhfhreagrach don fhaisnéis a shonraítear i Roinn II, mír B, d'Iarscríbhinn VI, de réir bhrí Roinn IV, fómhír F(5), d'Iarscríbhinn VI. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 26(2).

Cuirfidh Ballstát a iarraidh an beart dá dtagraítear sa chéad fhomhír iarraidh réasúnaithe chuig an gCoimisiún.

Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil an fhaisnéis uile aige chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh, rachaidh sé i dteagmháil leis an mBallstát lena mbaineann laistigh de dhá mhí ón iarraidh a fháil agus sonrúidh sé cén fhaisnéis bhreise atá de dhíth air. A luaithe a bheidh an fhaisnéis uile ag an gCoimisiún a mheasann sé a bheith riachtanach, tabharfaidh sé fógra don Bhallstát iarrthach laistigh de mhí amháin agus cuirfidh sé an fhaisnéis ábhartha faoi bhráid an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 26(1).

Agus é ag gníomhú ar a thionscnamh féin, ní ghlacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír ach amháin i ndáil le comhaontú údarás inniúil le dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í lena gceanglaítear uathmhalartú faisnéise maidir le duine aonair nó Eintiteas ar custaiméir de chuid Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe é chun Idirbhearta Intuairiscithe a dhéanamh, arna dtabhairt i gcrích ag Ballstát.

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil faisnéis ina faisnéis chomhfhreagrach de réir bhrí na chéad fhomhíre maidir le hIdirbhearta Intuairiscithe, cuirfidh an Coimisiún san áireamh go cuí an méid a chomhfhreagraíonn an córas, ar a bhfuil an fhaisnéis sin bunaithe, don chóras a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) na sainmhínte ar Sholáthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, Úsáideoir Intuairiscithe, agus Idirbheart Intuairiscithe;

- (b) na nósanna imeachta is infheidhme chun Úsáideoirí Intuairiscithe a shainaitheint;
- (c) na ceanglais tuairiscithe;
- (d) na rialacha agus nósanna imeachta riaracháin atá le bheith i bhfeidhm sna dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad le cur chun feidhme éifeachtach na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí agus na gceanglas tuairiscithe a leagtar amach sa chóras sin, agus comhlíonadh na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí agus na gceanglas tuairiscithe sin, a áirithiú.

Beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach sa mhír seo freisin chun a chinneadh nach bhfuil an fhaisnéis comhfhreagrach a thuilleadh de réir bhrí Roinn IV, fomhír F(5), d'Iarscríbhinn VI.

12. D'ainneoin mhír 11, i gcás ina gcinnfear caighdeán idirnáisiúnta i dtaca le tuairisciú agus uathmhalartú faisnéise maidir le cripteashócmhainní a bheith ina íoschaighdeán nó ina choibhéis, ní bheidh gá a thuilleadh le haon chinneadh a dhéanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis is gá a mhalartú go huathoibríoch de bhun chur chun feidhme an chaighdeáin sin agus an chomhaontaithe údarás inniúil idir an Ballstát/na Ballstáit lena mbaineann agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í ina fhaisnéis chomhfhreagrach. Measfar an fhaisnéis sin a bheith comhfhreagrach don fhaisnéis a cheanglaítear faoin Treoir seo, ar choinníoll go bhfuil comhaontú údarás inniúil i bhfeidhm idir údarás inniúla na mBallstát uile lena mbaineann agus an dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í lena gceanglaítear uathmhalartú faisnéise maidir le duine aonair nó Eintiteas ar custaiméir de chuid Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe é chun Idirbhearta Intuairiscithe a dhéanamh. Ní bheidh feidhm a thuilleadh ag na forálacha comhfhreagracha san Airteagal seo agus in Iarscríbhinn VI chun na gcríoch sin.;

- (7) leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'1. Déanfar faisnéis a chuirtear in iúl idir na Ballstáit in aon fhoirm de bhun na Treorach seo a chumhdach leis an oibleagáid maidir le rúndacht oifigiúil agus bainfear leas as an gcosaint a thugtar d'fhaisnéis den chineál céanna faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit a fuair í. Féadfar an fhaisnéis sin a úsáid chun measúnú, riar agus forfheidhmiú a dhéanamh ar dhlí náisiúnta na mBallstát a bhaineann leis na cánacha dá dtagraítear in Airteagal 2, chomh maith le CBL agus cánacha indíreacha eile, dleachtanna custaim agus chun an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac.;

- (b) i mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'Féadfaidh an t-údarás inniúil a fhaigheann faisnéis agus doiciméid an fhaisnéis agus na doiciméid a fhaightear a úsáid freisin gan an cead dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo chun aon chríche a chumhdaítear le gníomh atá bunaithe ar Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus féadfaidh sé iad a roinnt chun na críche sin leis an údarás inniúil atá i gceannas ar bhearta sriantacha sa Bhallstát lena mbaineann.;

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcás ina measfaidh údarás inniúil Ballstáit gur dócha go mbeadh faisnéis a fuair sé ón údarás inniúil i mBallstát eile chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 úsáideach d'údarás inniúil an tríú Ballstát, féadfaidh sé an fhaisnéis sin a tharchur chuig údarás inniúil an tríú Ballstát, ar choinníoll go ndéantar an tarchur i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Treoir seo. Cuirfidh sé in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit as ar tháinig an fhaisnéis maidir lena rún chun an fhaisnéis sin a roinnt le tríú Ballstát. Féadfaidh an Ballstát as ar tháinig an fhaisnéis cur i gcoinne chomhroinnt na faisnéise sin laistigh de 15 lá féilire ó gheofar an teachtaireacht ón mBallstát ar mian leis an fhaisnéis a roinnt.;

- (8) in Airteagal 18, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'4. Cuirfidh údarás inniúil gach Ballstáit sásra éifeachtach i bhfeidhm chun a áirithiú go mbaintear úsáid as an bhfaisnéis a fhaightear trí thuairisciú nó malartú faisnéise faoi Airteagail 8 go 8ad.;

(9) in Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos foirmeacha ríomhairithe caighdeánacha, lena n-áirítear na socrúithe teanga, sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás an uathmhalartaithe faisnéise maidir le rialuithe cánach trasteorann agus réamh-chomhaontuithe praghsála de bhun Airteagal 8a roimh an 1 Eanáir 2017;
- (b) i gcás an uathmhalartaithe faisnéise maidir le socrúithe intuairiscithe trasteorann de bhun Airteagal 8ab roimh an 30 Meitheamh 2019;
- (c) i gcás an uathmhalartaithe faisnéise maidir le Cripteashócmhainní Intuairiscithe de bhun Airteagal 8ad roimh an 30 Meitheamh 2025.

Ní sháróidh na foirmeacha ríomhairithe caighdeánacha sin na comhphárteanna le haghaidh an mhalartaithe faisnéise a liostaítear in Airteagail 8a(6), 8ab(14) agus 8ad(3), agus na réimsí eile sin lena mbaineann atá nasctha leis na comhphárteanna sin a bhfuil gá leo chun cuspóirí Airteagail 8a, 8ab agus 8ad a bhaint amach, faoi seach.

Leis na socrúithe teanga dá dtagraítear sa chéad fhómhír den mhír seo, ní chuirfear cosc ar na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 8a agus 8ab a chur in iúl in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais. Mar sin féin, féadfar a fhoráil leis na socrúithe teanga sin go seolfar gnéithe tábhachtacha den fhaisnéis sin i gceann amháin eile de theangacha oifigiúla an Aontais freisin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa mhír seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 26(2).’;

(10) leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2017, eolaire lárnach slán Ballstáit um chomhar riaracháin i réimse an chánachais a fhorbairt agus a sholáthar le tacaíocht theicniúil agus lóistíochta, eolaire ina dtairfeadfar an fhaisnéis a bheidh le cur in iúl faoi chuimsiú Airteagal 8a(1) agus (2) chun an t-uathmhalartú dá bhforáiltear sna míreanna sin a chomhlíonadh.

Déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2019, eolaire lárnach slán Ballstáit um chomhar riaracháin i réimse an chánachais a fhorbairt agus a sholáthar le tacaíocht theicniúil agus lóistíochta, eolaire ina dtairfeadfar an fhaisnéis a bheidh le cur in iúl faoi chuimsiú Airteagal 8ab(13), (14) agus (16) chun an t-uathmhalartú dá bhforáiltear sna míreanna sin a chomhlíonadh.

Déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2026, eolaire lárnach slán Ballstáit um chomhar riaracháin i réimse an chánachais a fhorbairt agus a sholáthar le tacaíocht theicniúil agus lóistíochta, eolaire ina dtairfeadfar an fhaisnéis a bheidh le cur in iúl faoi chuimsiú Airteagal 8ad(2) agus (3) chun an t-uathmhalartú dá bhforáiltear sna míreanna sin a chomhlíonadh.

Beidh rochtain ag údaráis inniúla na mBallstát uile ar an bhfaisnéis a thairfeadtar san eolaire sin. I ndáil leis an bhfaisnéis atá le cur in iúl faoi chuimsiú Airteagal 8ad(2) agus (3), ní bheidh rochtain ag údarás inniúil Ballstáit, áfach, ach ar fhaisnéis a bhaineann le hÚsáideoirí Intuairiscithe agus Daoine Intuairiscithe a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin. Beidh rochtain ag an gCoimisiún freisin ar an bhfaisnéis a thairfeadtar san eolaire sin, áfach, leis na teorainneacha a leagtar amach in Airteagail 8a(8), 8ab(17) agus 8ad(5), agus chun staidreamh a bhailiú i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo, agus chun na críche sin amháin. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socrúithe praiticiúla riachtanacha i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 26(2).

Go dtí go mbeidh an t-eolaire lárnach slán sin i bhfeidhm, déanfar an t-uathmhalartú dá bhforáiltear in Airteagal 8a(1) agus (2), Airteagal 8ab(13), (14) agus (16) agus Airteagal 8ad(2) agus (3) i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo agus leis na comhaontuithe praiticiúla is infheidhme.’;

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'8. Déanfaidh an Coimisiún uirlis a sholáthar do na Ballstáit lena mbeifear in ann cruinneas TIN a sholáthraíonn eintiteas tuairiscithe nó cáiniócoir chun críocha an uathmhalartaithe faisnéise a fhíorú go leictreonach agus go huathoibríoch.

Forbróidh an Coimisiún paraiméadair theicniúla na huirlise dá dtagraítear sa chéad fhomhír trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 26(2).';

(11) in Airteagal 22, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'3. Coinneoidh na Ballstáit an taifid den fhaisnéis a fhaightear tríd an uathmhalartú faisnéise de bhun Airteagail 8 go 8ad ar feadh tréimhse nach faide ná mar is gá ach, in aon chás, ar feadh tréimhse nach giorra ná 5 bliana ón dáta a fuarthas faisnéis den sórt sin chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach.

4. Féachfaidh na Ballstáit lena áirithiú go mbeidh cead ag eintiteas tuairiscithe deimhniú a fháil trí mhodhanna leictreonacha ar bhailíocht fhaisnéis TIN maidir le haon cháiniócoir atá faoi réir malartú faisnéise faoi Airteagail 8 go 8ad. Ní fhéadfar deimhniú fhaisnéis TIN a iarraidh ach amháin chun bailíochtú a dhéanamh ar chruinneas na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 8(1), 8(3a), 8a(6), 8aa(3), 8ab(14), 8ac(2) agus 8ad(3).';

(12) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Déanfaidh gach Ballstát faireachán agus measúnú i ndáil leis féin, ar éifeachtacht an chomhair riaracháin i gcomhréir leis an Treoir seo, lena n-áirítear maidir le himghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac, agus cuirfidh sé torthaí a mheasúnaithe in iúl don Choimisiún uair sa bhliain. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an fhoirm agus na coinníollacha maidir leis an measúnú bliantúil sin a chur in iúl. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 26(2).';

(13) leasaítear Airteagal 25 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Measfar gur rialaitheoirí iad Institiúidí Airgeadais Tuairiscithe, idirghabhálaithe, Oibreoirí Ardán Tuairiscithe, Soláthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe agus údarais inniúla na mBallstát, ag gníomhú dóibh ina n-aonar nó go comhpháirteach. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil chun críocha na Treorach seo, measfar go bpróiseálann an Coimisiún na sonraí pearsanta thar ceann na rialaitheoirí agus comhlíonfaidh sé na ceanglais maidir le próiseálaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1725. Rialófar an phróiseáil le conradh de réir bhrí Airteagal 28(3) de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 29(3) de Rialachán (AE) 2018/1725.';

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'4. D'ainneoin mhír 1, áirithioidh gach Ballstát go ndéanfaidh gach Institiúid Airgeadais Tuairiscithe nó idirghabhálaí nó Oibreoir Ardán Tuairiscithe nó Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, de réir mar a bheidh, atá faoina dhlíne, an méid seo a leanas:

(a) gach duine aonair lena mbaineann a chur ar an eolas go mbaileofar faisnéis a bhaineann leis an duine aonair sin agus go n-aistreofar an fhaisnéis sin i gcomhréir leis an Treoir seo; agus

(b) an fhaisnéis uile a bhfuil sé ina teideal a sholáthar in am trátha do gach duine aonair le go mbeidh deis ag an duine aonair sin a chearta nó a cearta cosanta sonraí a fheidhmiú agus, i gcás ar bith, sula dtuairisceofar an fhaisnéis.';

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25a:

'Airteagal 25a

Pionóis

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo agus a bhaineann le hAirteagail 8aa go 8ad agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go ndéanfar iad a chur chun feidhme. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.';

(15) in Airteagal 27, scriostar mír 2;

(16) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 27c

TIN a thuairisciú agus a chur in iúl

1. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá lena gceanglaítear go ndéanfaidh an t-eintiteas tuairiscithe nó an duine aonair TIN na ndaoine aonair tuairiscithe nó na n-eintiteas tuairiscithe arna n-eisiúint ag an mBallstát cónaithe a thuairisciú agus go gcuirfidh gach Ballstát in iúl é nuair a cheanglaítear sin go sainráite leis an Treoir seo agus de bhun na nAirteagal agus na nIarscríbhinní sin.

2. Maidir le tréimhsí inchánach dar tús an 1 Eanáir 2030 nó ina dhiaidh sin, déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá lena gceanglaítear go dtuairisceofar TIN na gcónaitheoirí arna n-eisiúint ag an mBallstát cónaithe, i gcás inar féidir, i ndáil leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (d), a mhéid is catagóirí ioncaim agus caipitil iad sin faoina gcuirfí faisnéis in iúl fiú mura mbeadh TIN ar fáil.

3. Maidir le tréimhsí inchánach dar tús an 1 Eanáir 2028 nó ina dhiaidh sin, déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá lena gceanglaítear go dtuairisceofar TIN na ndaoine aonair agus na n-eintiteas arna n-eisiúint ag an mBallstát cónaithe, i gcás inar féidir, i ndáil leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8a(6), pointí (a) agus (k), chomh maith le daoine aonair agus eintitis tuairiscithe i ndáil leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8aa(3), pointe (b), agus in Airteagal 8ab(14), pointe (h).

4. Maidir le tréimhsí inchánach dar tús an 1 Eanáir 2028 nó ina dhiaidh sin, déanfaidh gach Ballstát TIN na ndaoine aonair agus na n-eintiteas arna n-eisiúint ag an mBallstát cónaithe, i gcás ina bhfuair údarás inniúil an Bhallstáit é, a áireamh i gcur in iúl na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 8a(6), pointí (a) agus (k), chomh maith le daoine aonair agus eintitis tuairiscithe i ndáil le cur in iúl na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 8aa(3), pointe (b), agus in Airteagal 8ab(14), pointe (h).;

(17) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo;

(18) leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo;

(19) cuirtear isteach an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo mar Iarscríbhinn VI.

Airteagal 2

1. Maidir leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Nollaig 2025. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar na tagairtí sin.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, maidir leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Airteagal 1, pointe 11, den Treoir seo agus Airteagal 1, pointe 16, den Treoir seo a mhéid a bhaineann le hAirteagal 27c(3) agus (4) de Threoir 2011/16/AE a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Nollaig 2027. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairt den sórt sin.

3. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, maidir leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Airteagal 1, pointe 16, den Treoir seo a mhéid a bhaineann le hAirteagal 27c(2) de Threoir 2011/16/AE a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Nollaig 2029. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2030 ar aghaidh.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairt den sórt sin.

4. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh i Lucsamburg, an 17 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
N. CALVIÑO SANTAMARÍA

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2011/16/AE mar a leanas:

(1) leasaítear Roinn I mar a leanas:

(a) leasaítear mír A mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh agus fhomhíreanna A(1) agus A(2):

'A. Faoi réir mhíreanna C go F, tuairisceoidh gach Institiúid Airgeadais Tuairiscithe d'údarás inniúil a Ballstáit i ndáil le gach Cuntas Intuairiscithe de chuid na hInstitiúide Airgeadais Tuairiscithe sin:

1. an fhaisnéis seo a leanas:

(a) ainm, seoladh, Ballstá(i)t c(h)ónaithe, TIN(anna) agus dáta breithe agus áit bhreithe (i gcás duine aonair) gach Duine Intuairiscithe ar Sealbhóir Cuntais an chuntais é agus cibé acu atá nó nach bhfuil féindeimhniúchán bailí soláthartha ag an Sealbhóir Cuntais;

(b) i gcás, maidir le haon Eintiteas ar Sealbhóir Cuntais é agus, tar éis na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí i gcomhréir le Ranna V, VI agus VII a chur i bhfeidhm, go sainithnítear go bhfuil Duine Rialaithe amháin nó níos mó aige ar Duine Intuairiscithe é, ainm, seoladh, Ballstá(i)t c(h)ónaithe agus (más ann dóibh) dlínse/dlín sí eile cónaithe agus TIN(anna) an Eintitis agus ainm, seoladh, Ballstá(i)t c(h)ónaithe, TIN(anna) agus dáta breithe agus áit bhreithe gach Duine Intuairiscithe, chomh maith leis an ról/na ról atá acu ar dá bhua/dá mbua is Duine Rialaithe de chuid an Eintitis gach Duine Intuairiscithe agus cibé acu a soláthraíodh nó nár soláthraíodh féindeimhniúchán bailí do gach Duine Intuairiscithe;

(c) cibé acu is comhchuntas é an cuntas nó nach ea, lena n-áirítear líon na gComhshealbhóirí Cuntais;

2. uimhir an chuntais (nó a coibhéis fheidhmiúil in éagmais uimhir chuntais), an cineál cuntais agus cibé acu is Cuntas atá ann cheana é an cuntas nó Cuntas Nua;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fomhíre A(6):

'6. i gcás aon Chuntais Taisclainne, méid comhlán iomlán an úis a íocadh nó a cuireadh chun sochair an chuntais le linn na bliana féilire nó le linn tréimhse tuairiscithe iomchuí eile;';

(iii) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'6a. i gcás aon Leas Cothromais arna shealbhú in Eintiteas Infheistíochta ar socrú dlíthiúil é, an ról/na ról ar dá bhua/dá mbua is sealbhóir Leasa Cothromais é an Duine Intuairiscithe; agus';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír C:

'C. D'ainneoin fhomhír A(1), i ndáil le gach Cuntas Intuairiscithe ar Cuntas atá ann cheana é, ní gá TIN(anna) ná dáta breithe a thuairisciú mura bhfuil TIN(anna) sin ná an dáta breithe sin i dtaifid na hInstitiúide Airgeadais Tuairiscithe agus mura gceanglaítear ar aon bhealach eile ar an Institiúid Airgeadais Tuairiscithe iad a bhailiú faoin dlí náisiúnta nó faoi ionstraim dlí de chuid an Aontais. Mar sin féin, cuirtear de cheangal ar Institiúid Airgeadais Tuairiscithe iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh chun TIN(anna) agus dáta breithe a fháil i ndáil le Cuntais atá ann cheana faoi dheireadh an dara bliain féilire tar éis na bliana inar sainithníodh na Cuntais atá ann cheana mar Chuntais Intuairiscithe agus cibé uair a chuirtear de cheangal uirthi an fhaisnéis a bhaineann leis an gCuntas atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta de bhun Nósanna Imeachta náisiúnta AML/KYC;';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'F. D'ainneoin mhír A(5), pointe (b), agus mura roghnaíonn an Institiúid Airgeadais Tuairiscithe a mhalairt i ndáil le haon ghrúpa cuntas a shainithnítear go soiléir, ní cheanglaítear na hollfháltais a fuarthas ó Shócmhainn Airgeadais a dhíol nó a fhuascailt a thuairisciú a mhéid a dhéanann an Institiúid Airgeadais Tuairiscithe na hollfháltais sin a fuarthas ó Shócmhainn Airgeadais den sórt sin a dhíol nó a fhuascailt a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 8ad.;'

(2) i Roinn VI, mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

(b) Daoine Rialaithe atá ag Sealbhóir Cuntais a chinneadh. Chun Daoine Rialaithe atá ag Sealbhóir Cuntais a chinneadh, féadfaidh Institiúid Airgeadais Tuairiscithe brath ar fhaisnéis a bhailítear agus a choimeádtar de bhun Nósanna Imeachta AML/KYC, ar choinníoll go bhfuil na nósanna imeachta sin comhsheasmhach le Treoir (AE) 2015/849. Mura bhfuil ceangal dlíthiúil ar an Institiúid Airgeadais Tuairiscithe Nósanna Imeachta AML/KYC a chur i bhfeidhm atá comhsheasmhach le Treoir (AE) 2015/849, cuirfidh sí nósanna imeachta atá cosúil go substaintiúil leo i bhfeidhm chun na Daoine Rialaithe a chinneadh.;

(3) i Roinn VII, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'Aa. Easpa shealadach féindeimhniúcháin. In imthosca eisceachtúla nach féidir le hInstitiúid Airgeadais Tuairiscithe féindeimhniúchán a fháil i ndáil le Cuntas Nua in am chun a hoibleagáidí díchill chuí agus tuairiscithe a chomhlíonadh i ndáil leis an tréimhse tuairiscithe inar osclaíodh an cuntas, cuirfidh an Institiúid Airgeadais Tuairiscithe na nósanna imeachta díchill chuí do Chuntais atá ann cheana i bhfeidhm, go dtí go bhfaighfear agus go mbailíochtófar an féindeimhniúchán sin.;

(4) leasaítear Roinn VIII mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhíreanna A(5), A(6) agus A(7):

'5. Ciallaíonn an téarma 'Institiúid Taisclairne' aon Eintiteas:

- (a) a ghlacann taiscí i ngnáthchúrsa gnó baincéireachta nó gnó dá shamhail; nó
- (b) ag a bhfuil Ríomh-Airgead nó Airgeadraí Digiteacha Bainc Ceannais i seilbh ar mhaithe le custaiméirí.

6. Ciallaíonn an téarma 'Eintiteas Infheistíochta' aon Eintiteas:

- (a) ag a mbíonn ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí nó na hoibríochtaí seo a leanas á ndéanamh mar ghnó do chustaiméir nó thar a cheann go príomha:
 - (i) trádáil in ionstraimí margaidh airgid (seiceanna, billí, deimhnithe taisce, díorthaigh, etc.); ionstraimí malairte eachtraí; malartaithe, ráta úis agus innéacs; urrúis inaistrithe; nó trádáil i dtodhchaíochtaí tráchtarraí;
 - (ii) bainistíocht punainne aonair agus comhbhainistíocht punainne; nó
 - (iii) Sócmhainní Airgeadais, airgead, nó Cripteashócmhainní Intuairiscithe a infheistiú, a riar, nó a bhainistiú ar aon slí eile thar ceann daoine eile; nó
- (b) an t-ollioncam atá inchurtha go príomha i leith infheistiú, athinfheistiú, nó trádáil i Sócmhainní Airgeadais nó i gCripteashócmhainní Intuairiscithe, más rud é go bhfuil an tEintiteas á bhainistiú ag Eintiteas eile ar Institiúid Taisclairne, Institiúid Cumhdaigh, Cuideachta Árachais Shonraithe, nó Eintiteas Infheistíochta é a thuiriscítear i bhfomhír A(6), pointe (a).

Caitear le hEintiteas a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a thuiriscítear i bhfomhír A(6), pointe (a), á ndéanamh aige go príomha, nó tá ollioncam Eintitis inchurtha go príomha i leith infheistiú, athinfheistiú, nó trádáil i Sócmhainní Airgeadais nó i gCripteashócmhainní Intuairiscithe chun críocha fhomhír A(6), pointe (b), más rud é go bhfuil ollioncam an Eintitis atá inchurtha i leith na ngníomhaíochtaí ábhartha cothrom le 50 % d'ollioncam an Eintitis nó os a chionn sin le linn cibé tréimhse is giorra de na tréimhsí seo a leanas: (i) an tréimhse trí bliana dar críoch an 31 Nollaig den bhliain roimh an mbliain ina ndéantar an cinneadh; nó (ii) an tréimhse ar lena linn a bhí an tEintiteas ar marthain. Chun críocha fhomhír A(6), pointe (a)(iii), ní áirítear leis an téarma 'Sócmhainní Airgeadais, airgead, nó Cripteashócmhainní Intuairiscithe a infheistiú, a riar, nó a bhainistiú ar aon slí eile thar ceann daoine eile' soláthar seirbhísí lena ndéantar Idirbhearta Malairte do chustaiméirí nó thar a gceann. Ní áirítear leis an téarma 'Eintiteas Infheistíochta' Eintiteas ar Eintiteas Neamh-Airgeadais Gníomhach é toisc go gcomhlíonann an tEintiteas sin aon cheann de na critéir i bhfomhíreanna D(8), pointí (d) go (g).

Léirmhíneofar an fhomhír seo ar bhealach atá comhsheasmhach leis an teanga chomhchosúil a leagtar amach sa sainmhíniú ar 'institiúid airgeadais' i dTreoir (AE) 2015/849.

7. Áirítear leis an téarma ‘Sócmhainn Airgeadais’ urrús (mar shampla, sciar stoic i gcorparáid; comhpháirtíocht nó leas úinéireachta tairbhiúla i gcomhpháirtíocht nó in iontaobhas atá i seilbh fhorleathan nó atá á trádáil nó á thrádáil go poiblí; nóta, banna, banna neamhurráithe, nó fianaise eile ar fhéichiúnas), leas comhpháirtíochta, tráchtearra, babhtáil (mar shampla babhtálacha rátaí úis, babhtálacha airgeadraí, bonnbabhtálacha, caidhpeanna rátaí úis, íosrátaí úis, babhtálacha tráchtearraí, babhtálacha cothromais, babhtálacha innéacs cothromais, agus comhaontuithe comhchosúla), Conradh Árachais nó Conradh Blianachta, nó aon leas (lena n-áirítear conradh todhchaíochtaí nó conradh réamhcheaptha nó rogha) in urrús, Cripteashócmhainn Intuairiscithe, leas comhpháirtíochta, tráchtearra, babhtáil, Conradh Árachais, nó Conradh Blianachta. Ní áirítear leis an téarma ‘Sócmhainn Airgeadais’ leas díreach neamhfhiachais i réadmhaoin.’;

(b) i mír A, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas léi:

- ‘9. Chun críocha na hlarscríbhíne seo, ciallaíonn an téarma ‘Ríomh-Airgead’ nó ‘R-airgead’ aon táirge ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

- (a) is léiriú digiteach é ar Airgeadra Fiat amháin;
- (b) eisítear é ar chistí a fháil chun idirbhearta íocaíochta a dhéanamh;
- (c) léirítear é le héileamh ar an eisisitheoir atá ainmnithe san Airgeadra Fiat céanna;
- (d) glacann duine nádúrtha nó dlítheanach eile seachas an t-eisisitheoir leis mar íocaíocht; agus
- (e) de bhua ceanglais rialála a bhfuil an t-eisisitheoir faoina réir, tá sé infhuascailte ag am ar bith agus ag parluch don Airgeadra Fiat céanna arna iarraidh sin do shealbhóir an táirge.

Ní áirítear leis an téarma ‘Ríomh-Airgead’ nó ‘R-airgead’ táirge a chruthaítear chun aistriú cistí ó chustaiméir chuig duine eile a éascú, agus chun na críche sin amháin, de bhun threoracha an chustaiméara. Ní chruthaítear táirge chun aistriú cistí a éascú, agus chun na críche sin amháin, más rud é, i ngnáthchúrsa gnó an Eintitis is aistritheoir, go bhfuil na cistí a bhaineann leis an táirge sin i seilbh níos faide ná 60 lá tar éis treoracha a fháil chun an t-aistriú a éascú, nó, mura bhfaightear aon treoir, go gcoimeádtar na cistí a bhaineann leis an táirge sin níos faide ná 60 lá tar éis na cistí a fháil.

10. Ciallaíonn an téarma ‘Airgeadra Fiat’ airgeadra oifigiúil dlínse, arna eisiúint ag dlínse nó ag Banc Ceannais nó údarás airgeadaíochta ainmnithe dlínse, mar a léirítear le nótaí bainc nó boinn nó airgead i bhfoirmeacha digiteacha éagsúla, lena n-áirítear cúlchistí bainc, agus Airgeadraí Digiteacha Bainc Ceannais. Áirítear leis an téarma freisin airgead bainc thráchtála agus táirgí ríomh-airgid (Ríomh-Airgead).
11. Ciallaíonn an téarma ‘Airgeadra Digiteacha Bainc Ceannais’ aon Airgeadra Fiat digiteach arna eisiúint ag Banc Ceannais nó ag údarás airgeadaíochta eile.
12. Ciallaíonn an téarma ‘Cripteashócmhainn’ cripteashócmhainn mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (5), de Rialachán (AE) 2023/1114.
13. Ciallaíonn an téarma ‘cripteashócmhainn Intuairiscithe’ aon Chripteashócmhainn seachas Airgeadra Digiteach Bainc Ceannais, Ríomh-Airgead nó aon Chripteashócmhainn a bhfuil cinneadh leordhóthanach déanta ag an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe ina leith nach féidir í a úsáid chun críoch íocaíochta ná infheistíochta.
14. Ciallaíonn an téarma ‘Idirbheart Malairte’:
- (a) aon mhalartú idir Cripteashócmhainní Intuairiscithe agus Airgeadraí Fiat; agus
 - (b) aon mhalartú idir foirm amháin nó níos mó de Chripteashócmhainní Intuairiscithe.’;
- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír B(1), pointe (a):
- ‘(a) Eintiteas Rialtais, Eagraíocht Idirnáisiúnta nó Banc Ceannais, seachas:
- (i) i ndáil le híocaíocht atá díorthaithe ó oibleagáid arna sealbhú i dtaca le gníomhaíocht airgeadais tráchtála de chineál a mbíonn Cuideachta Árachais Shonraithe, Institiúid Cumhdaigh nó Institiúid Taisclainne ag gabháil di; nó

- (ii) i ndáil le hAirgeadraí Digiteacha Bainc Ceannais a choimeád do Shealbhóirí Cuntais nach Institiúidí Airgeadais, Eintitis Rialtais, Eagraíochtaí Idirnáisiúnta ná Bainc Cheannais iad;’;
- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír C(2):
- ‘2. Áirítear leis an téarma ‘Cuntas Taisclairne’ aon chuntas tráchtála, reatha, coigiltis, ama, nó taisce coigiltis, nó cuntas atá fianaithe le deimhniú taisce, deimhniú taisce coigiltis, deimhniú infheistíochta, deimhniú féichiúnais, nó ionstraim chomhchosúil eile a choimeádann Institiúid Taisclairne. Áirítear an méid seo a leanas le Cuntas Taisclairne chomh maith:
- (a) méid atá ina sheilbh ag cuideachta árachais de bhun conradh maidir le hinfheistíocht ráthaithe nó comhaontú comhchosúil chun ús ar an méid sin a íoc nó a chur chun sochair;
- (b) cuntas nó cuntas barúlach arb ionann é agus an R-airgead ar fad atá á sealbhú chun tairbhe custaiméara; agus
- (c) cuntas ina bhfuil Airgeadra Digiteach amháin nó níos mó de chuid an Bhainc Ceannais chun tairbhe custaiméara’.
- (e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhíreanna C(9) agus C(10):
- ‘9. Ciallaíonn an téarma ‘Cuntas atá ann cheana’:
- (a) Cuntas Airgeadais atá á choimeád ag Institiúid Airgeadais Tuairiscithe ón 31 Nollaig 2015 ar aghaidh nó, má chaitear leis an gcuntas mar Chuntas Airgeadais de bhua na leasuithe ar an Treoir seo amháin a rinneadh le Treoir (AE) 2023/2226 (*), ón 31 Nollaig 2025 ar aghaidh;
- (b) aon Chuntas Airgeadais Sealbhóra Cuntais, gan beann ar an dáta a osclaíodh an Cuntas Airgeadais sin, más rud é:
- (i) go bhfuil Cuntas Airgeadais ar Cuntas atá ann cheana é faoi fhomhír C(9), pointe (a), ag an Sealbhóir Cuntais leis an Institiúid Airgeadais Tuairiscithe freisin (nó le hEintiteas Gaolmhar sa Bhallstát céanna leis an Institiúid Airgeadais Tuairiscithe);
- (ii) go gcaitheann an Institiúid Airgeadais Tuairiscithe (agus, de réir mar is infheidhme, an tEintiteas Gaolmhar sa Bhallstát céanna leis an Institiúid Airgeadais Tuairiscithe) leis an dá Chuntas Airgeadais thuasluaite, agus le haon Chuntas Airgeadais eile atá ag Sealbhóir Cuntais lena gcaitear mar Chuntas atá ann cheana faoi fhomhír C(9), pointe (b), mar Chuntas Airgeadais amháin chun na ceanglais maidir le heolas a leagtar amach i Roinn VII, mír A, a chomhlíonadh, agus chun iarmhéid nó luach aon cheann de na Cuntais Airgeadais a chinneadh agus aon cheann de na tairseacha cuntais á gcur i bhfeidhm;
- (iii) i ndáil le Cuntas Airgeadais atá faoi réir Nósanna Imeachta AML/KYC, go gceadaítear don Institiúid Airgeadais Tuairiscithe na Nósanna Imeachta AML/KYC sin don Chuntas Airgeadais a chomhlíonadh trí bhrath ar na Nósanna Imeachta AML/KYC arna bhfeidhmiú don Chuntas atá ann cheana a thuairiscítear i bhfomhír C(9), pointe (a); agus
- (iv) nach gá don Sealbhóir Cuntais faisnéis nua, bhreise ná leasaithe custaiméara a sholáthar seachas chun críocha na Treorach seo ar oscailt an Chuntais Airgeadais.
10. Ciallaíonn an téarma ‘Cuntas Nua’ Cuntas Airgeadais atá á choimeád ag Institiúid Airgeadais Tuairiscithe a osclaíodh an 1 Eanáir 2016 nó ina dhiaidh sin nó, má chaitear leis an gcuntas mar Chuntas Airgeadais de bhua na leasuithe ar an Treoir seo amháin a rinneadh le Treoir (AE) 2023/2226, an 1 Eanáir 2026 nó ina dhiaidh sin.

(*) Treoir (AE) 2023/226 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (IO L 2023/2226, 24.10.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2226/oj>);

- (f) leasaítear fomhír C(17) mar a leanas:
- i) i bpointe (e), cuirtear an pointe seo a leanas leis:
- ‘(v) fondúireacht nó méadú caipitil cuideachta ar choinníoll go gcomhlíonann an cuntas na ceanglais seo a leanas:
- úsáidtear an cuntas go heisiach chun caipiteal a thaisceadh atá le húsáid chun críocha na fondúireachta nó chun críocha caipitil cuideachta a mhéadú, mar a fhorordaítear le dlí;
 - déantar aon mhéid atá sa chuntas a bhlocáil go dtí go bhfaighidh an Institiúid Airgeadais Tuairiscithe deimhniú neamhspleách maidir leis an bhfondúireacht nó an méadú caipitil;
 - déantar an cuntas a dhúnadh nó a chlaochlú ina chuntas atá faoi ainm na cuideachta tar éis na fondúireachta nó an mhéadaithe caipitil;
 - aon aisíocaíocht a eascraíonn as fondúireacht theipthe nó méadú caipitil teipthe, glanmhéid táillí soláthraithe seirbhísí agus táillí comhchosúla, ní dhéantar iad ach leis na daoine a ranníoc na méideanna; agus
 - níor bunaíodh an cuntas níos mó ná 12 mhí ó shin’.
- (ii) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:
- ‘(ea) Cuntas Taisclainne lena léirítear an Ríomh-Airgead ar fad atá á gcoinneáil chun tairbhe custaiméara, i gcás nár mhó ná USD 10 000 aon lá le linn na bliana féilire nó le linn tréimhse tuairiscithe iomchuí eile an meánluach rollach 90 lá ag deireadh an lae le linn aon tréimhse 90 lá as a chéile;’
- (g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír D(2):
- ‘2. Ciallaíonn an téarma ‘Duine Intuairiscithe’ Duine Ballstáit seachas:
- (a) Eintiteas a ndéantar a stoc a thrádáil go tráthrialta ar mhargadh urrús bunaithe amháin nó níos mó;
 - (b) aon Eintiteas ar Eintiteas Gaolmhar é de chuid Eintitis a thuairiscítear i bpointe (a);
 - (c) Eintiteas Rialtais;
 - (d) Eagraíocht Idirnáisiúnta;
 - (e) Banc Ceannais; nó
 - (f) Institiúid Airgeadais.’;
- (h) i mír E, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:
- ‘7. Ciallaíonn an téarma ‘Seirbhís Sainitheantais’ próiseas leictreonach a chuireann Ballstát nó an tAontas ar fáil saor in aisce d’Institiúid Airgeadais Tuairiscithe chun céannacht agus cónaí chun críoch cánach Sealbhóra Cuntais nó Duine Rialaithe a fhionnadh.’;
- (5) i Roinn IX, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
- ‘Chun críocha na Treorach seo a bhaint amach, taifid dá dtagraítear sa chéad mhír, pointe (2), leanfaidh siad de bheith ar fáil tráth nach faide ná mar is gá ach, in aon chás, tráth nach giorra ná 5 bliana;’
- (6) cuirtear an roinn seo a leanas léi:

ROINN XI

BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA

D’ainneoin Roinn I, fomhír A(1), pointe (b) agus fomhír A(6a), i ndáil le gach Cuntas Intuairiscithe atá á choimeád ag Institiúid Airgeadais Tuairiscithe ón 31 Nollaig 2025 ar aghaidh agus le haghaidh tréimhsí tuairiscithe dar críoch an dara bliain féilire tar éis an dáta sin, ní gá faisnéis a thuairisciú i ndáil leis an ról/na ról, ar dá bhua/dá mbua is Duine Rialaithe nó sealbhóir Leasa Chothromais de chuid an Eintitis é gach Duine Intuairiscithe, ach amháin má tá an fhaisnéis sin ar fáil sna sonraí atá inchuadaithe go leictreonach arna gcothabháil ag an Institiúid Airgeadais Tuairiscithe.’.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2011/16/AE mar a leanas:

(1) i Roinn I, mír C, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'10. Ciallaíonn 'Seirbhís Aitheantais' próiseas leictreonach a chuireann Ballstát nó an tAontas ar fáil saor in aisce d'Oibreoir Ardán Tuairiscithe chun céannacht agus cónaí chun críoch cánach Díoltóra a fhionnadh.'

(2) i Roinn II, scriostar fomhír B(3);

(3) i Roinn III, mír B, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'4. D'ainneoin fhomhír B(2), pointe (a), agus fhomhír B(3), pointe (a), ní cheanglófar ar an Oibreoir Ardán Tuairiscithe na míreanna faisnéise atá le bailiú de bhun Roinn II, mír B, a thuairisciú, i gcás ina dtuairiscíonn sé d'údarás inniúil a úsáideann Seirbhís Aitheantais agus ina bhfuil sé ag brath ar dheimhniú díreach ar chéannacht agus ar áit chónaithe an Díoltóra trí Sheirbhís Sainaitheantais a chuireann Ballstát nó an tAontas ar fáil chun céannacht agus ecónaithe chun críoch cánach uile an Díoltóra a fhionnadh. I gcás ina raibh an tOibreoir Ardán Tuairiscithe ag brath ar Sheirbhís Sainaitheantais chun céannacht agus cónaithe chun críoch cánach uile Díoltóra Intuairiscithe a fhionnadh, déanfar ainm, aitheantóir(i) na Seirbhíse Aitheantais, agus an Ballstát/na Ballstáit eisiúna a thuairisciú.'

(4) i Roinn IV, fomhír F(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'5. Déanfaidh Ballstát an chláirúcháin aonair Oibreoir Ardán Tuairiscithe a bhaint den chláir lárnach sna cásanna seo a leanas:'.

IARSCRÍBHINN III

IARSCRÍBHINN VI

CEANGLAIS TUAIRISCITHE, NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE DÍCHEALL CUÍ, AGUS RIALACHA EILE IS INFHEIDHME MAIDIR LE SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ CRIPTEASHÓCMHAINNÍ TUAIRISCITHE

Leagtar síos leis an Iarscríbhinn seo ceanglais tuairiscithe, nósanna imeachta maidir le dícheall cuí, agus rialacha eile a chuirfidh na Soláthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe i bhfeidhm chun go mbeidh na Ballstáit in ann an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8ad a chur in iúl, trí uathmhalartú faisnéise.

Leagtar síos leis an Iarscríbhinn seo freisin na rialacha agus na nósanna imeachta riaracháin atá le bheith i bhfeidhm sna Ballstáit d'fhonn cur chun feidhme éifeachtach na gceanglas tuairiscithe agus na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí a leagtar amach san Iarscríbhinn, agus comhlíonadh na gceanglas tuairiscithe agus na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí sin, a áirithiú.

ROINN I

OIBLEAGÁIDÍ SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ CRIPTEASHÓCMHAINNÍ TUAIRISCITHE

- A. Tá Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, mar a shainmhínítear i Roinn IV, fómhír B(3), faoi réir na gceanglas tuairiscithe agus na gceanglas maidir le dícheall cuí a leagtar amach i Ranna II agus III, faoi seach, i mBallstát, más rud é:
1. gur Eintiteas é atá údaraithe ag Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán (AE) 2023/1114 nó a bhfuil cead aige Seirbhísí Cripteashócmhainní a sholáthar tar éis fógra a thabhairt do Bhallstát i gcomhréir le hAirteagal 60 de Rialachán (AE) 2023/1114; nó
 2. nach Eintiteas é atá údaraithe ag Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán (AE) 2023/1114 nó a bhfuil cead aige Seirbhísí Cripteashócmhainní a sholáthar tar éis fógra a thabhairt do Bhallstát i gcomhréir le hAirteagal 60 de Rialachán (AE) 2023/1114, agus:
 - (a) gur Eintiteas nó duine aonair atá ina chónaí i mBallstát chun críoch cánach é;
 - (b) gur Eintiteas é (i) atá ionchorpraithe nó eagraithe faoi dhlíthe Ballstáit agus (ii) a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige i mBallstát nó a bhfuil oibleagáid air tuairisceáin chánach nó tuairisceáin faisnéise cánach a chomhdú leis na húdaráis chánach i mBallstát i ndáil le hioncam an Eintitis;
 - (c) gur Eintiteas é atá á bhainistiú ó Bhallstát; nó
 - (d) gur Eintiteas nó duine aonair é a bhfuil gnátháit ghnó aige i mBallstát.
- B. Tá Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe faoi réir na gceanglas tuairiscithe agus na gceanglas maidir le dícheall cuí a leagtar amach i Ranna II agus III, faoi seach, i mBallstát i ndáil le hidirbhearta Intuairiscithe a chuirtear i bhfeidhm trí Bhrainse atá bunaithe i mBallstát.
- C. Ní cheanglaítear ar Sholáthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, ar Eintiteas é, na ceanglais tuairiscithe agus na ceanglais maidir le dícheall cuí a leagtar amach i Ranna II agus III, faoi seach, a chur i gcrích i mBallstát a bhfuil sé faoina réir de bhun fhomhír A(2), pointe (b), (c) nó (d), má chuireann an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe sin na ceanglais sin i gcrích in aon Bhallstát eile nó i nDlíne Cháilithe Nach Dlíne de chuid an Aontais í de bhua é a bheith ina chónaí chun críoch cánach sa Bhallstát sin nó sa Dlíne Cháilithe sin Nach Dlíne de chuid an Aontais í.
- D. Ní cheanglaítear ar Sholáthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, ar Eintiteas é, na ceanglais tuairiscithe agus na ceanglais maidir le dícheall cuí a leagtar amach i Ranna II agus III, faoi seach, a chur i gcrích i mBallstát a bhfuil sé faoina réir de bhun fhomhír A(2), pointe (c) nó (d), má chuireann an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe sin na ceanglais sin i gcrích in aon Bhallstát eile nó i nDlíne Cháilithe Nach Dlíne de chuid an Aontais í de bhua gur Eintiteas é (a) atá ionchorpraithe nó eagraithe faoi dhlíthe an Bhallstáit sin nó faoi dhlíthe na Dlíne Cáilithe Nach Dlíne de chuid an Aontais í agus (b) go bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige sa Bhallstát eile nó sa Dlíne Cháilithe eile Nach Dlíne de chuid an Aontais í nó go bhfuil oibleagáid air tuairisceáin chánach nó tuairisceáin faisnéise cánach a chomhdú chuig na húdaráis chánach sa Bhallstát eile nó sa Dlíne Cháilithe eile Nach Dlíne de chuid an Aontais í i ndáil le hioncam an Eintitis.

- E. Ní cheanglaítear ar Sholáthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, ar Eintiteas é, na ceanglais tuairiscithe agus na ceanglais maidir le dícheall cuí a leagtar amach i Ranna II agus III, faoi seach, a chur i gcrích i mBallstát a bhfuil sé faoina réir de bhun fhomhír A(2), pointe (d), má chuireann an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe sin na ceanglais sin i gcrích in aon Bhallstát eile nó in aon Dlíne Cháilithe eile Nach Dlíne de chuid an Aontais í de bhua é a bheith á bhainistiú ón mBallstát sin nó ón Dlíne Cháilithe sin Nach Dlíne de chuid an Aontais í.
- F. Ní cheanglaítear ar Sholáthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, ar duine aonair é, na ceanglais tuairiscithe agus na ceanglais maidir le dícheall cuí a leagtar amach i Ranna II agus III, faoi seach, a chur i gcrích i mBallstát a bhfuil sé faoina réir de bhun fhomhír A(2), pointe (d), má chuireann an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe sin na ceanglais sin i gcrích in aon Bhallstát eile nó in aon Dlíne Cháilithe eile Nach Dlíne de chuid an Aontais í de bhua é a bheith ina chónaí chun críoch cánach sa Bhallstát sin nó sa Dlíne Cháilithe sin Nach Dlíne de chuid an Aontais í.
- G. Ní cheanglaítear ar Sholáthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe na ceanglais tuairiscithe agus na ceanglais maidir le dícheall cuí a leagtar amach i Ranna II agus III, faoi seach, a chur i gcrích i mBallstát a bhfuil sé faoina réir de bhun fhomhír A(2), pointe (a), (b), (c) nó (d), má tá fógra taiscthe aige le Ballstát i bhformáid arna sonrú ag an mBallstát sin lena ndeimhnítear go bhfuil na ceanglais sin curtha i gcrích ag an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe sin faoi rialacha aon Bhallstáit eile nó aon Dlíne Cáilithe eile Nach Dlíne de chuid an Aontais í de bhun critéar atá comhchosúil go substaintiúil le fhomhír A(2), pointe (a), (b), (c) nó (d), faoi seach.
- H. Ní cheanglaítear ar Sholáthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe na ceanglais tuairiscithe agus na ceanglais maidir le dícheall cuí a leagtar amach i Ranna II agus III, faoi seach, a chur i gcrích i mBallstát i ndáil le hIdirbhearta Intuairiscithe a dhéanann sé trí Bhrainse in aon Bhallstát eile nó in aon Dlíne Cháilithe eile Nach Dlíne de chuid an Aontais í, má chuireann an Brainse sin na ceanglais sin i gcrích sa Bhallstát eile sin nó sa Dlíne Cháilithe eile sin Nach Dlíne de chuid an Aontais í.

ROINN II

CEANGLAIS TUAIRISCITHE

- A. Déanfaidh Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, de réir bhrí Roinn I, mír A agus mír B, an fhaisnéis a leagtar amach i mír B den Roinn seo a thuairisciú d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sé faoi réir ceanglais tuairiscithe i gcomhréir le Roinn I.
- B. Maidir le gach bliana féilire ábhartha nó tréimhse tuairiscithe iomchuí eile, agus faoi réir oibleagáidí Soláthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe a leagtar amach i Roinn I agus faoi réir na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí a leagtar amach i Roinn III, tuairisceoidh Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe an fhaisnéis seo a leanas dá Úsáideoirí Cripteashócmhainní ar Úsáideoirí Intuairiscithe iad nó ag a bhfuil Daoine Rialaithe ar Daoine Intuairiscithe iad:
- ainm, seoladh, Ballstát(i)t c(h)ónaithe, TIN(anna) agus, i gcás duine aonair, dáta breithe agus áit bhreithe gach Úsáideora Intuairiscithe agus, i gcás aon Eintitis a shainaithnítear, tar éis na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí a leagtar síos i Roinn III a chur i bhfeidhm, go bhfuil Duine Rialaithe amháin nó níos mó aige ar Duine Intuairiscithe é, ainm, seoladh, Ballstát(i)t c(h)ónaithe agus TIN(anna) an Eintitis agus ainm, seoladh, Ballstát(i)t c(h)ónaithe, TIN(anna) agus dáta breithe agus áit bhreithe gach Duine Rialaithe an Eintitis ar Duine Intuairiscithe é, chomh maith leis an ról/na ról ar dá bhua/dá mbua is Duine Rialaithe an Eintitis é gach Duine Intuairiscithe;
- d'ainneoin fhomhír B(1), an chéad fhomhír, i gcás ina dtuairiscíonn an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe d'údarás inniúil a úsáideann Seirbhís Aitheantais agus ina bhfuil sé ag brath ar dheimhniú díreach ar chéannacht agus ar áit chónaithe an Duine Intuairiscithe trí Sheirbhís Sainaitheantais arna cur ar fáil ag Ballstát nó ag an Aontas chun céannacht agus cónaithe chun críoch cánach uile an Duine Intuairiscithe a fhionnadh, is í an fhaisnéis atá le tuairisciú maidir leis an Duine Intuairiscithe an t-ainm, an t-aitheantóir nó na haitheantóirí Seirbhíse Sainaitheantais agus an Ballstát/na Ballstáit eisiúna, chomh maith leis an ról/na ról ar dá bhua/dá mbua is Duine Rialaithe de chuid an Eintitis é gach Duine Intuairiscithe;
- ainm, seoladh, TIN agus, má tá sí ar fáil, uimhir chéannachta aonair dá tagraítear in Airteagal 8ad(7) agus aitheantóir domhanda eintitis dhlítheanaigh an tSoláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe;

3. i ndáil le gach cineál Cripteashócmhainne Intuairiscithe a chuir an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe Idirbhearta Intuairiscithe i bhfeidhm le linn na bliana féilire ábhartha nó le linn tréimhse tuairiscithe iomchuí eile, i gcás inarb ábhartha:

- (a) ainm iomlán an chineáil Cripteashócmhainní Intuairiscithe;
- (b) an méid comhlán comhiomlán a íocadh, líon comhiomlán na n-aonad agus líon na nIdirbheart Intuairiscithe i leith éadálacha in aghaidh Airgeadra Fiat;
- (c) an méid comhlán comhiomlán a fuarthas, líon comhiomlán na n-aonad agus líon na nIdirbheart Intuairiscithe i leith diúscairtí in aghaidh Airgeadra Fiat;
- (d) an margadhluach cóir comhiomlán, líon comhiomlán na n-aonad agus líon na nIdirbheart Intuairiscithe i leith éadálacha in aghaidh Cripteashócmhainní Intuairiscithe eile;
- (e) an margadhluach cóir comhiomlán, líon comhiomlán na n-aonad agus líon na nIdirbheart Intuairiscithe i leith diúscairtí in aghaidh Cripteashócmhainní Intuairiscithe eile;
- (f) an margadhluach cóir comhiomlán, líon comhiomlán na n-aonad agus líon na nIdirbheart Íocaíochta Miondíola Intuairiscithe;
- (g) an margadhluach cóir comhiomlán, líon comhiomlán na n-aonad agus líon na nIdirbheart Intuairiscithe, agus arna bhforoinnt de réir cineál aistrithe i gcás inarb eol sin ag an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, i ndáil le hAistrithe chuig an Úsáideoir Intuairiscithe nach gcumhdaítear le pointí (b) agus (d);
- (h) an margadhluach cóir comhiomlán, líon comhiomlán na n-aonad agus líon na nIdirbheart Intuairiscithe, agus arna bhforoinnt de réir cineál aistrithe i gcás inarb eol sin ag an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, i ndáil le hAistrithe chuig an Úsáideoir Intuairiscithe nach gcumhdaítear le pointí (c), (e) agus (f); agus
- (i) an margadhluach cothrom comhiomlán, chomh maith le líon comhiomlán na n-aonad Aistrithe a chuir an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe i bhfeidhm ar sheoltaí mórleabhar dáilte dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2013/1114 nach eol a bheith bainteach le soláthraí fíorúil seirbhísí sócmhainní nó le hinstiúid airgeadais.

Chun críocha fhomhír B(3), pointí (b) agus (c), tuairisceofar an méid a íocadh nó a fuarthas san Airgeadra Fiat inar íocadh nó ina bhfuarthas é. I gcás ina ndearnadh na méideanna a íoc nó a fháil in Airgeadraí Fiat iolracha, tuairisceofar na méideanna in airgeadra aonair, arna n-aistriú tráth gach Idirbhirt Intuairiscithe ar bhealach a chuireann an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe i bhfeidhm go comhsheasmhach.

Chun críocha fhomhír B(3), pointí (d) go (i), déanfar an margadhluach cóir a chinneadh agus a thuairisciú in airgeadra aonair, arna luacháil tráth gach Idirbhirt Intuairiscithe ar bhealach a chuireann an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe i bhfeidhm go comhsheasmhach.

San fhaisnéis a thuairiscítear, déanfar an tAirgeadra Fiat ina dtuairiscítear gach méid a shainaitheint.

C. D'ainneoin fhomhír B(1), ní cheanglaítear an áit bhreithe a thuairisciú mura gceanglaítear ar an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe í a fháil agus a thuairisciú faoin dlí náisiúnta.

D. Déanfar an fhaisnéis a liostaítear i mír B a thuairisciú ar bhonn bliantúil sa bhliain féilire tar éis na bliana lena mbaineann an fhaisnéis. Cuirfead an chéad fhaisnéis in iúl don bhliain féilire ábhartha nó do thréimhse tuairiscithe iomchuí eile ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

- E. D'ainneoin mhíreanna A agus D den Roinn seo, ní cheanglófar ar Sholáthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe de réir bhrí Roinn I, fomhír A(2), pointe (a), (b), (c) nó (d), an fhaisnéis a leagtar amach i mír B den Roinn seo a sholáthar i ndáil le hÚsáideoir Intuairiscithe nó Duine Rialaithe Intuairiscithe a gcuireann an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe tuairisciú na faisnéise sin ina leith i gcrích i ndlínse nach dlínse de chuid an Aontais í a chumhdaítear le Comhaontú Éifeachtach Cáilitheach idir Údaráis Inniúla agus Ballstát cónaithe an Úsáideora Intuairiscithe sin nó an Duine Rialaithe sin.

ROINN III

NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE DÍCHEALL CUÍ

Caitear le hÚsáideoir Cripteashócmhainní mar Úsáideoir Intuairiscithe ag tosú amhail ón dáta a shainithnítear é mar Úsáideoir den sórt sin de bhun na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí a thuairiscítear sa Roinn seo.

A. Nósanna imeachta maidir le dícheall cuí d'Úsáideoirí Cripteashócmhainní Aonair

Tá feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas chun a chinneadh an Úsáideoir Intuairiscithe é an tÚsáideoir Cripteashócmhainní Aonair.

1. Agus an caidreamh leis an Úsáideoir Cripteashócmhainní Aonair á bhunú, nó i ndáil le hÚsáideoirí Cripteashócmhainní Aonair atá ann cheana faoi 1 Eanáir 2027, gheobhaidh an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe féindeimhniúchán lena gceadófar don Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe áit chónaithe/áiteanna cónaithe an Úsáideora Cripteashócmhainní Aonair a chinneadh chun críoch cánach agus deimhneoidh sé réasúntacht an fhéindeimhniúcháin sin bunaithe ar an bhfaisnéis a fhaigheann an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, lena n-áirítear aon doiciméadacht a bhailítear de bhun Níosanna Imeachta maidir le Dícheall Cuí do Chustaiméirí.
2. Más rud é, tráth ar bith, go n-athraítear imthosca i ndáil le hÚsáideoir Cripteashócmhainní Aonair, ar athrú é lena dtugtar le fios don Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, nó lena dtugtar cúis dó fios a bheith aige, go bhfuil an féindeimhniúchán bunaidh mícheart nó neamhiontaofa, ní féidir leis an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe brath ar an bhféindeimhniúchán bunaidh agus gheobhaidh sé féindeimhniúchán bailí, nó míniú réasúnach agus, i gcás inarb iomchuí, doiciméadacht lena dtacaítear le bailíocht an fhéindeimhniúcháin bhunaidh.

B. Níosanna imeachta maidir le dícheall cuí d'Úsáideoirí Cripteashócmhainní Eintitis

Tá feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas chun a chinneadh an Úsáideoir Intuairiscithe nó Eintiteas é an tÚsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis, seachas Duine Eisiata nó Eintiteas Gníomhach, ag a bhfuil Duine Rialaithe amháin nó níos mó ar Daoine Intuairiscithe iad.

1. A chinneadh an Duine Intuairiscithe é an tÚsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis.

- (a) Agus an caidreamh leis an Úsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis á bhunú, nó i ndáil le hÚsáideoirí Cripteashócmhainní Eintitis atá ann cheana faoi 1 Eanáir 2027, gheobhaidh an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe féindeimhniúchán lena gceadófar don Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe áit chónaithe/áiteanna cónaithe an Úsáideora Cripteashócmhainní Eintitis a chinneadh chun críoch cánach agus deimhneoidh sé réasúntacht an fhéindeimhniúcháin sin bunaithe ar an bhfaisnéis a fhaigheann an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, lena n-áirítear aon doiciméadacht a bhailítear de bhun Níosanna Imeachta maidir le Dícheall Cuí do Chustaiméirí. Má dheimhníonn an tÚsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis nach bhfuil aon áit chónaithe aige chun críoch cánach, féadfaidh an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe brath ar áit bhainistíochta éifeachtaí nó ar sheoladh na príomhoifige chun áit chónaithe an Úsáideora Cripteashócmhainní Eintitis a chinneadh.
- (b) Má léirítear leis an bhféindeimhniúchán go bhfuil an tÚsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis ina chónaí i mBallstát, caithfidh an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe leis an Úsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis mar Úsáideoir Intuairiscithe, ach amháin má chinneann sé go réasúnach, bunaithe ar an bhféindeimhniúchán nó ar fhaisnéis atá ina sheilbh nó atá ar fáil go poiblí, gur Duine Eisiata é an tÚsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis.

2. A chinneadh an bhfuil Duine Rialaithe amháin nó níos mó ag an Eintiteas ar Daoine Intuairiscithe iad. I ndáil le hÚsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis, seachas Duine Eisiata, cinnífidh an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe cé acu atá nó nach bhfuil Duine Rialaithe amháin nó níos mó aige ar Daoine Intuairiscithe iad, ach amháin má chinneann sé gur Eintiteas Gníomhach é an tÚsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis, bunaithe ar fhéindeimhniúchán ón Úsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis.

- (a) Daoine Rialaithe an Úsáideora Cripteashócmhainní Eintitis a chinneadh. Chun Daoine Rialaithe an Úsáideora Cripteashócmhainní Eintitis a chinneadh, féadfaidh Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe brath ar fhaisnéis arna bailiú agus arna cothabháil de bhun Nósanna Imeachta maidir le Dícheall Cuí do Chustaiméirí, ar choinníoll go bhfuil na nósanna imeachta sin comhsheasmhach le Treoir (AE) 2015/849. Mura bhfuil ceangal dlíthiúil ar an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe Nósanna Imeachta maidir le Dícheall Cuí do Chustaiméirí atá comhsheasmhach le Treoir (AE) 2015/849 a chur i bhfeidhm, cuirfidh sé nósanna imeachta atá cosúil go substaintiúil leo i bhfeidhm chun na Daoine Rialaithe a chinneadh.
- (b) A chinneadh cé acu is Duine Intuairiscithe é Duine Rialaithe Úsáideora Cripteashócmhainní Eintitis nó nach ea. Chun a chinneadh an Duine Intuairiscithe é Duine Rialaithe, beidh Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe ag brath ar fhéindeimhniúchán ón Úsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis nó ón Duine Rialaithe sin lena gcuirtear ar chumas an tSoláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe áit chónaithe/áiteanna cónaithe an Duine Rialaithe chun críoch cánach a chinneadh agus réasúntacht an fhéindeimhniúcháin sin a dheimhniú bunaithe ar an bhfaisnéis a fhaigheann an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, lena n-áirítear aon doiciméadacht a bhailítear de bhun Nósanna Imeachta maidir le Dícheall Cuí do Chustaiméirí.
3. Más rud é, tráth ar bith, go n-athraítear imthosca i ndáil le hÚsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis nó a Dhaoine Rialaithe, ar athrú é lena dtugtar le fios don Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, nó lena dtugtar cúis dó fios a bheith aige, go bhfuil an féindeimhniúchán bunaidh mícheart nó neamhiontaofa, ní féidir leis an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe brath ar an bhféindeimhniúchán bunaidh agus gheobhaidh sé féindeimhniúchán bailí, nó míniú réasúnach agus, i gcás inarb iomchuí, doiciméadacht lena dtacaítear le bailíocht an fhéindeimhniúcháin bhunaidh.

C. Ceanglais maidir le bailíocht féindeimhniúchán

1. Níl féindeimhniúchán a sholáthraíonn Úsáideoir Cripteashócmhainní Aonair nó Duine Rialaithe bailí ach amháin má dhéanann an tÚsáideoir Cripteashócmhainní Aonair nó an Duine Rialaithe é a shíniú nó a dhearbhu go dearfach ar shlí eile, má dhéantar é a dhátú an dáta a fhaightear é ar a dhéanaí agus má tá an fhaisnéis seo a leanas ann i ndáil leis an Úsáideoir Cripteashócmhainní Aonair nó an Duine Rialaithe:
- (a) céadainm agus sloinne;
- (b) seoladh cónaithe;
- (c) Ballstá(i)t c(h)ónaithe chun críoch cánach;
- (d) i ndáil le gach Duine Intuairiscithe, TIN i leith gach Ballstáit;
- (e) dáta breithe.
2. Níl féindeimhniúchán a sholáthraíonn Úsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis bailí ach amháin má dhéanann an tÚsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis é a shíniú nó a dhearbhu go dearfach ar shlí eile, má dhéantar é a dhátú an dáta a fhaightear é ar a dhéanaí agus má tá an fhaisnéis seo a leanas ann i ndáil leis an Úsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis:
- (a) ainm dlíthiúil;
- (b) seoladh;
- (c) Ballstá(i)t c(h)ónaithe chun críoch cánach;
- (d) i ndáil le gach Duine Intuairiscithe, TIN i leith gach Ballstáit;
- (e) i gcás Úsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis seachas Eintiteas Gníomhach nó Duine Eisiata, an fhaisnéis a thuairiscítear i bhfomhír C(1) i ndáil le gach Duine Rialaithe de chuid an Úsáideora Cripteashócmhainní Eintitis, murar rud é go mbeidh féindeimhniúchán de bhun fhomhír C(1) soláthartha ag an Duine Rialaithe sin, chomh maith leis an ról/na ról ar dá bhua/dá mbua is Duine Rialaithe de chuid an Eintitis é gach Duine Intuairiscithe, mura bhfuil sé cinnte cheana féin ar bhonn Nósanna Imeachta maidir le Dícheall Cuí do Chustaiméirí;
- (f) más infheidhme, faisnéis maidir leis na critéir a chomhlíonann sí chun go gcaithfear léi mar Eintiteas Gníomhach nó mar Dhuine Eisiata.

D. Ceanglais ghinearálta maidir le dícheall cuí

1. Féadfaidh Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, ar Institiúid Airgeadais é freisin chun críocha na Treorach seo, brath ar na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí a chuirtear i gcrích de bhun Ranna IV agus VI d'Iarscríbhinn I chun críocha na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí de bhun na Roinne seo. Féadfaidh Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe brath ar fhéindeimhniúchán a bailíodh cheana chun críoch cánach eile, ar choinníoll go gcomhlíonann an féindeimhniúchán sin ceanglais mhír C den Roinn seo.
2. Féadfaidh Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe brath ar thrú páirtí chun na hoibleagáidí maidir le dícheall cuí a leagtar amach sa Roinn seo a chomhlíonadh, ach is é an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe atá freagrach i gcónaí as na hoibleagáidí sin.

ROINN IV

TÉARMAÍ SAINMHÍNITHE

Tá an bhrí a leagtar amach thíos ag na Téarmaí seo a leanas:

A. Cripteashócmhainn Intuairiscithe

1. Ciallaíonn 'Cripteashócmhainn' cripteashócmhainn mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (5), de Rialachán (AE) 2023/1114.
2. Ciallaíonn 'Airgeadra Digiteach Banc Ceannais' aon Airgeadra Fiat digiteach arna eisiúint ag Banc Ceannais nó ag údarás airgeadaíochta eile.
3. Ciallaíonn 'Banc Ceannais' institiúid arb í, de réir an dlí nó cead ón rialtas, an príomhúdarás í, seachas rialtas na dlínse féin, a eisiúint ionstraimí atá ceaptha le bheith i gcúrsaíocht mar airgeadra. Féadfar a áireamh le hinstitiúid den sórt sin ionstraimíocht atá ar leithligh ó rialtas na dlínse, cibé acu atá nó nach bhfuil sí ar lánúinéireacht nó ar pháirtúinéireacht ag an dlínse.
4. Ciallaíonn 'Cripteashócmhainn Intuairiscithe' aon Chripteashócmhainn seachas Airgeadra Digiteach Banc Ceannais, Ríomh-Airgead nó aon Chripteashócmhainn a bhfuil cinneadh leordhóthanach déanta ag an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe ina leith nach féidir é a úsáid chun críoch íocaíochta ná infheistíochta.
5. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn 'Ríomh-Airgead' nó 'R-airgead' aon Chripteashócmhainn ar fíor an méid seo a leanas ina leith:
 - (a) is léiriú digiteach é ar Airgeadra Fiat amháin;
 - (b) eisiúint é ar chistí a fháil chun idirbhearta íocaíochta a dhéanamh;
 - (c) léirítear le héileamh ar an eisiúint atá ainmnithe san Airgeadra Fiat céanna;
 - (d) glacann duine nádúrtha nó dlítheanach eile seachas an t-eisiúint leis mar íocaíocht; agus
 - (e) de bhua ceanglais rialála a bhfuil an t-eisiúint faoina réir, tá sé infhuascailte ag am ar bith agus ag parluach don Airgeadra Fiat céanna arna iarraidh sin do shealbhóir an táirge.

Ní áirítear leis an téarma 'Ríomh-airgead' nó 'R-airgead' táirge a chruthaítear chun aistriú cistí ó chustaiméir chuig duine eile a éascú, agus chun na críche sin amháin, de bhun threoracha an chustaiméara. Ní chruthaítear táirge chun aistriú cistí a éascú, agus chun na críche sin amháin, más rud é, i ngnáthchúrsa gnó an Eintitis is aistritheoir, go bhfuil na cistí a bhaineann leis an táirge sin i seilbh níos faide ná 60 lá tar éis treoracha a fháil chun an t-aistriú a éascú, nó, mura bhfaightear aon treoir, go gcoimeádtar na cistí a bhaineann leis an táirge sin níos faide ná 60 lá tar éis na cistí a fháil.

B. Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe

1. Ciallaíonn 'Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní' soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe 15, de Rialachán (AE) 2023/1114.
2. Ciallaíonn 'Oibreoir Cripteashócmhainní' soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní seachas Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní.

3. Ciallaíonn ‘Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe’ aon Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní agus aon Oibreoir Cripteashócmhainní a dhéanann Seirbhís Cripteashócmhainní amháin nó níos mó lena ndéantar Idirbhearta Malairte d’Úsáideoir Intuairiscithe nó thar a cheann.
4. Ciallaíonn ‘Seirbhís Cripteashócmhainní’ seirbhís cripteashócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (16), de Rialachán (AE) 2023/1114 lena n-áirítear cur i ngeall agus iasachtú.

C. Idirbheart Intuairiscithe

1. Ciallaíonn ‘Idirbheart Intuairiscithe’ aon:
 - (a) Idirbheart Malartaithe; agus
 - (b) Aistriú Cripteashócmhainní Intuairiscithe.
2. Ciallaíonn ‘Idirbheart Malartaithe’ aon:
 - (a) mhalartú idir Cripteashócmhainní Intuairiscithe agus Airgeadraí Fiat; agus
 - (b) mhalartú idir foirm amháin de Chripteashócmhainn Intuairiscithe amháin nó níos mó.
3. Ciallaíonn ‘Idirbheart Íocaíochta Miondíola Intuairiscithe’ Aistriú Cripteashócmhainní Intuairiscithe i gcomaoin earraí nó seirbhísí ar mó ná USD 50 000 (nó a choibhéis in aon airgeadra eile) an luach atá orthu.
4. Ciallaíonn ‘aistriú’ idirbheart a aistríonn Cripteashócmhainn Intuairiscithe ó sheoladh nó cuntas Úsáideora Cripteashócmhainní amháin nó chuig seoladh nó cuntas Úsáideora Cripteashócmhainní amháin, seachas idirbheart a choinníonn an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe thar ceann an Úsáideora Cripteashócmhainní chéanna, i gcás, bunaithe ar an eolas atá ar fáil don Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe tráth an idirbhirt, nach féidir leis an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe a chinneadh gur Idirbheart Malartaithe é an t-idirbheart.
5. Ciallaíonn ‘Airgeadra Fiat’ airgeadra oifigiúil dlínse, arna eisiúint ag dlínse nó ag Banc Ceannais nó údarás airgeadaíochta ainmnithe dlínse, mar a léirítear le nótaí bainc nó boinn nó airgead i bhfoirmeacha digiteacha éagsúla, lena n-áirítear cúlchistí bainc, agus Airgeadraí Digiteacha Bainc Ceannais. Áirítear leis an téarma freisin airgead bainc thráchtála agus táirgí ríomh-airgid (Ríomh-Airgead).

D. Úsáideoir Intuairiscithe

1. Ciallaíonn ‘Úsáideoir Intuairiscithe’ Úsáideoir Cripteashócmhainní ar Duine Intuairiscithe é a bhfuil cónaí air i mBallstát.
2. Ciallaíonn ‘Úsáideoir Cripteashócmhainní’ duine aonair nó Eintiteas ar custaiméir é de Sholáthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe chun Idirbhearta Intuairiscithe a dhéanamh. Ní chaitear le duine aonair nó Eintiteas, seachas Institiúid Airgeadais nó Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe a ghníomhaíonn mar Úsáideoir Cripteashócmhainní ar mhaithe le duine aonair nó Eintiteas eile mar ghníomhaire, coimeadaí, ainmnitheach, sínitheoir, comhairleoir infheistíochta, nó idirghabhálaí, mar Úsáideoir Cripteashócmhainní, agus caitear leis an duine aonair sin nó leis an Eintiteas eile sin mar an tÚsáideoir Cripteashócmhainní. I gcás ina soláthraíonn Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe seirbhís lena gcuirtear Idirbhearta Íocaíochta Miondíola Intuairiscithe i bhfeidhm do cheannaí nó thar a cheann, caithfidh an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe leis an gcustaiméir arb é contrapháirtí an cheannaí iad le haghaidh na nIdirbheart Íocaíochta Miondíola Intuairiscithe sin mar Úsáideoir Cripteashócmhainní i ndáil le hIdirbheart Íocaíochta Miondíola Intuairiscithe den sórt sin, ar choinníoll go gceanglaítear ar an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe céannacht an chustaiméara sin a fhíorú de bhua an Idirbhirt Íocaíochta Miondíola Intuairiscithe de bhun na rialacha baile i ndáil leis an sciúradh airgid a chomhrac.
3. Ciallaíonn ‘Úsáideoir Cripteashócmhainní Aonair’ Úsáideoir Cripteashócmhainní ar duine aonair é.
4. Ciallaíonn ‘Úsáideoir Cripteashócmhainní Aonair atá ann cheana’ Úsáideoir Cripteashócmhainní Aonair a bhfuil caidreamh bunaithe aige leis an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe ón 31 Nollaig 2025 ar aghaidh.
5. Ciallaíonn ‘Úsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis’ Úsáideoir Cripteashócmhainní ar Eintiteas é.
6. Ciallaíonn ‘Úsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis atá ann cheana’ Úsáideoir Cripteashócmhainní Eintitis a bhfuil caidreamh bunaithe aige leis an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe ón 31 Nollaig 2025 ar aghaidh.
7. Ciallaíonn ‘Duine Intuairiscithe’ Duine de chuid Ballstáit seachas Duine Eisiata.

8. Ciallaíonn 'Duine de chuid Ballstáit' i ndáil le gach Ballstát Eintiteas nó duine aonair a bhfuil cónaí air in aon Bhallstát faoi dhlíthe cánach an Bhallstáit sin, nó eastát éagaigh a raibh cónaí air in aon Bhallstát. Chun na críche sin, maidir le hEintiteas, amhail comhpháirtíocht, comhpháirtíocht faoi dhliteanas teoranta nó comhshocrú dlíthiúil comhchosúil, nach bhfuil aon chónaí air chun críoch cánach, caithfear leis an Eintiteas sin amhail is go bhfuil cónaí air sa dlínse ina bhfuil a áit bhainistíochta éifeachtaí lonnaithe.
9. Ciallaíonn 'Daoine Rialaithe' na daoine nádúrtha a fheidhmíonn rialú ar Eintiteas. I gcás iontaobhais, ciallaíonn an téarma sin an socráitheoir/na socráitheoirí, an t-iontaobhaí/na hiontaobhaithe, an cosantóir/na cosantóirí (más ann dó/dóibh), an tairbhí/na tairbhíthe nó an aicme/na haicmí tairbhíthe, agus duine/daoine nádúrtha ar bith eile a fheidhmíonn rialú éifeachtach deiridh ar an iontaobhas, agus i gcás comhshocrú dlíthiúil seachas iontaobhas, ciallaíonn an téarma sin daoine i gcásanna coibhéiseacha nó comhchosúla. Déanfar an téarma 'Daoine Rialaithe' a léirmhíniú ar bhealach atá comhsheasmhach leis an téarma 'úinéir tairbhíúil' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (6), de Threoir (AE) 2015/849, a mhéid a bhaineann le Soláthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe.
10. Ciallaíonn 'Eintiteas Gníomhach' aon Eintiteas a chomhlíonann aon cheann de na critéir seo a leanas:
 - (a) is ioncam éighníomhach é níos lú ná 50 % d'ollioncam an Eintitis don bhliain féilire nó do thréimhse tuairiscithe iomchuí eile roimhe sin agus is sócmhainní iad lena dtáirgtear ioncam éighníomhach nó a shealbhaítear chun ioncam éighníomhach a tháirgeadh níos lú ná 50 % de na sócmhainní a bhí á sealbhú ag an Eintiteas i rith na bliana airgeadais nó tréimhse tuairiscithe iomchuí eile roimhe sin;
 - (b) is é atá i ngníomhaíochtaí uile an Eintitis, nach mór, an stoc amuigh d'fhochuideachta amháin nó níos mó a shealbhu (go hiomlán nó i bpáirt), nó maoiniú agus seirbhísí a sholáthar d'fhochuideachta amháin nó níos mó, a bhíonn i mbun trádála nó gnó seachas gnó Institiúide Airgeadais, ach amháin nach gcáilíonn Eintiteas don stádas sin má fheidhmíonn an tEintiteas mar chiste infheistíochta (nó má chuireann sé in iúl gur ciste infheistíochta é), mar shampla ciste cothromais phríobháidigh, ciste caipitil frontair, ciste ceannaigh thar barr amach le gearáil, nó aon mheán infheistíochta arb é is cuspóir leis cuideachtaí a fháil nó a chistiú agus ansin leasanna a shealbhu sna cuideachtaí sin mar shócmhainní caipitiúla chun críoch infheistíochta;
 - (c) níl gnó á fheidhmiú ag an Eintiteas go fóill agus ní raibh gnó á fheidhmiú aige roimhe seo, ach tá caipiteal á infheistiú i sócmhainní aige agus é mar chuspóir aige gnó a fheidhmiú seachas gnó Institiúide Airgeadais, ar choinníoll nach gcáilíonn an tEintiteas don eisceacht seo tar éis an dáta atá 24 mí tar éis dháta eagraithe tosaigh an Eintitis;
 - (d) ní raibh an tEintiteas ina Institiúid Airgeadais sna cúig bliana seo a chuaigh thart, agus tá a shócmhainní á leachtú aige nó tá sé i mbun atheagrú faoi láthair agus é mar aidhm aige oibríochtaí a atosú i ngnó seachas gnó Institiúide Airgeadais;
 - (e) bíonn idirbhearta maoinithe agus fálaithe ar siúl ag an Eintiteas go príomha le hEintitis Ghaolmhara nach Institiúidí Airgeadais iad, nó ar a son, agus ní sholáthraíonn sé seirbhísí maoinithe ná fálaithe d'aon Eintiteas nach Eintiteas Gaolmhar é, ar choinníoll go bhfuil an grúpa Eintiteas Gaolmhar sin i mbun gnó go príomha seachas gnó Institiúide Airgeadais; nó
 - (f) comhlíonann an tEintiteas gach ceann de na ceanglais seo a leanas:
 - (i) tá sé bunaithe agus á fheidhmiú ina dhlínse chónaithe chun críoch creidimh, carthanais, eolaíochta, ealaíne, cultúir, lúthchleasaíochta, nó oideachais, agus chun na gcríoch sin amháin; nó tá sé bunaithe agus á fheidhmiú ina dhlínse chónaithe agus tá sé ina eagraíocht ghairmiúil, ina chumann gnó, ina chomhlachas tráchtála, ina eagraíocht saothair, ina eagraíocht talmhaíochta nó ghairneoireachta, ina chumann sibhialta, nó ina eagraíocht atá á feidhmiú go heisiach chun an leas sóisialta a chur chun cinn;
 - (ii) tá sé díolmhaithe ó cháin ioncaim ina dhlínse chónaithe;
 - (iii) níl aon scairshealbhóirí ná comhaltaí aige ag a bhfuil leas dílsithe nó tairbhíúil ina ioncam ná ina shócmhainní;
 - (iv) ní cheadaítear leis na dlíthe is infheidhme i ndlínse chónaithe an Eintitis ná le doiciméid chruthaithe an Eintitis ioncam nó sócmhainní ar bith de chuid an Eintitis a dháileadh ar dhuine príobháideach ná ar Eintiteas neamhcharthanúil, ná a chur i bhfeidhm chun a leasa siúd, seachas chun gníomhaíochtaí carthanúla an Eintitis a sheoladh, nó mar íocaíocht as cúiteamh réasúnach i leith seirbhísí arna soláthar, nó mar íocaíocht lena léirítear margadhluach cothrom maoinne atá ceannaithe ag an Eintiteas; agus

- (v) ceanglaítear leis na dlíthe is infheidhme i ndlínse chónaithe an Eintitis nó le doiciméid chruithaithe an Eintitis, ar leachtú nó ar dhíscaoileadh an Eintitis, go ndéanfar a shócmhainní uile a dháileadh ar Eintiteas Rialtais nó ar eagraíocht neamhbhrabúsach eile, nó go n-eisátfaidh siad chun rialtas dhlínse chónaithe an Eintitis nó chun aon fhoroinne polaitiúla de sin.

E. Duine Eisiata

1. Ciallaíonn 'Duine Eisiata':

- (a) Eintiteas a dtrádáiltear a stoc go tráthrialta ar mhargadh urrús bunaithe amháin nó níos mó;
- (b) aon Eintiteas arb Eintiteas Gaolmhar é d'Eintiteas a thuairiscítear i bpointe (a);
- (c) Eintiteas Rialtais;
- (d) Eagraíocht Idirnáisiúnta;
- (e) Banc Ceannais; nó
- (f) Institiúid Airgeadais seachas Eintiteas Infheistíochta a thuairiscítear i bhfomhír E(5), pointe (b).

2. Ciallaíonn 'Institiúid Airgeadais' Institiúid Cumhdaigh, Institiúid Taisclairne, Eintiteas Infheistíochta, nó Cuideachta Árachais Shonraithe.

3. Ciallaíonn 'Institiúid Cumhdaigh' aon Eintiteas a shealbhaíonn, mar sciar mór dá ghnó, Sócmhainní Airgeadais do chuntas daoine nó eintiteas eile. Sealbhaíonn Eintiteas Sócmhainní Airgeadais do chuntas daoine nó eintiteas eile mar sciar mór dá ghnó má tá ollioncam an Eintitis atá inchurtha i leith sealbhú Sócmhainní Airgeadais agus seirbhísí airgeadais gaolmhara cothrom le 20 % d'ollioncam an Eintitis nó os a chionn sin le linn cibé tréimhse is giorra de na tréimhsí seo a leanas: (i) an tréimhse 3 bliana dar críoch an 31 Nollaig (nó an lá deiridh de thréimhse chuntasaíochta nach bliain féilire í) roimh an mbliain ina bhfuil an cinneadh á dhéanamh; nó (ii) an tréimhse ar lena linn a bhí an tEintiteas ar marthain.

4. Ciallaíonn 'Institiúid Taisclairne' aon Eintiteas:

- (a) a ghlacann taiscí i ngnáthchúrsa gnó baincúireachta nó gnó dá shamhail; nó
- (b) ag a bhfuil Ríomh-Airgead nó Airgeadraí Digiteacha Banc Ceannais i seilbh ar mhaithe le custaiméirí.

5. Ciallaíonn 'Eintiteas Infheistíochta' aon Eintiteas:

- (a) ag a mbíonn ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí nó na hoibríochtaí seo a leanas á ndéanamh go príomha mar ghnó do chustaiméir nó thar a cheann:
 - (i) trádáil in ionstraimí margaidh airgid (seiceanna, billí, deimhnithe taisce, díorthaigh, etc.); ionstraimí malairte eachtraí; malartaithe, ráta úis agus innéacs; urrúis inaistrithe; nó trádáil i dtodhchaíochtaí tráchtarraí;
 - (ii) bainistíocht punainne aonair agus comhbhainistíocht punainne; nó
 - (iii) Sócmhainní Airgeadais, airgead, nó Cripteashócmhainní Intuairiscithe a infheistiú, a riar, nó a bhainistiú ar aon slí eile thar ceann daoine eile; nó
- (b) an t-ollioncam atá inchurtha go príomha i leith infheistiú, athinfheistiú, nó trádáil i Sócmhainní Airgeadais nó i gCripteashócmhainní Intuairiscithe, más rud é go bhfuil an tEintiteas á bhainistiú ag Eintiteas eile ar Institiúid Taisclairne, Institiúid Cumhdaigh, Cuideachta Árachais Shonraithe, nó Eintiteas Infheistíochta é a thuairiscítear i bhfomhír E(5), pointe (a).

Caitear le hEintiteas a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a thuairiscítear i bhfomhír E(6), pointe (a), á ndéanamh aige go príomha, nó tá ollioncam Eintitis inchurtha go príomha i leith infheistiú, athinfheistiú, nó trádáil i Sócmhainní Airgeadais nó i gCripteashócmhainní Intuairiscithe chun críocha fhomhír E(5), pointe (b), más rud é go bhfuil ollioncam an Eintitis atá inchurtha i leith na ngníomhaíochtaí ábhartha cothrom le 50 % d'ollioncam an Eintitis nó os a chionn sin le linn cibé tréimhse is giorra de na tréimhsí seo a leanas: (i) an tréimhse trí bliana dar críoch an 31 Nollaig den bhliain roimh an mbliain ina ndéantar an cinneadh; nó (ii) an tréimhse ar lena linn a bhí an tEintiteas ar marthain.

Chun críocha fhomhír E(5), pointe (a)(iii), ní áirítear leis an téarma ‘Sócmhainní Airgeadais, airgead, nó Cripteashócmhainní Intuairiscithe a infheistiú, a riar, nó a bhainistiú aige ar aon slí eile thar ceann daoine eile’ soláthar seirbhísí lena gcuirtear Idirbhearta Malairte i bhfeidhm do chustaiméirí nó thar a gceann. Ní áirítear leis an téarma ‘Eintiteas Infheistíochta’ Eintiteas ar Eintiteas Gníomhach é toisc go gcomhlíonann sé aon cheann de na critéir i bhfomhír D(10), pointí (b) go (e).

Léirmhíneofar an fhomhír seo ar bhealach atá comhsheasmhach le teanga chomhchosúil a leagtar amach sa sainmhíniú ar ‘institiúid airgeadais’ in Airteagal 3, pointe (2) de Threoir (AE) 2015/849.

6. Ciallaíonn ‘Cuideachta Árachais Shonraithe’ aon Eintiteas ar cuideachta árachais é (nó ar cuideachta shealbháochta de chuideachta árachais é) a eisiúnn Conradh Árachais ar Luach in Airgead Tirim nó Conradh Blianachta, nó a bhfuil ceangal air iocaíochtaí a dhéanamh ina leith sin.
7. Ciallaíonn ‘Eintiteas Rialtais’ rialtas dlínse, aon fhoroinn pholaitiúil de chuid dlínse (lena n-áirítear, chun amhras a sheachaint, stát, cúige, contae, nó bardas), nó aon ghníomhaireacht nó ionstraimeacht atá faoi lánúinéireacht dlínse nó aon cheann amháin nó níos mó de na nithe thuasluaite. Is é atá sa chatagóir seo na codanna dlínse, eintitis rialaithe, agus foranna polaitiúla de chuid dlínse.
 - (a) Ciallaíonn ‘cuid dhílis’ de dhílnse aon duine, eagraíocht, gníomhaireacht, biúró, ciste, ionstraimeacht, nó comhlacht eile, cibé ainm atá air, arb údarás ceannais dlínse é. Cuirfear glantuilleamh an údaráis ceannais chun sochair a chuntais féin nó chun sochair cuntas eile de chuid na dlínse, agus gan aon chuid de ag dul chun tairbhe d’aon duine príobháideach. Ní áirítear le cuid dhílis aon duine aonair ar ceannasaf, oifigeach nó riarthóir é atá ag gníomhú i gcáil phríobháideach nó phearsanta.
 - (b) Ciallaíonn ‘eintiteas rialaithe’ eintiteas atá ar leithligh ó thaobh a fhoirme de ón dlínse nó arb eintiteas dlíthiúil leithleach ar aon slí eile é, ar choinníoll:
 - (i) go bhfuil an tEintiteas faoi lánúinéireacht agus á rialú go díreach ag Eintiteas Rialtais amháin nó níos mó nó trí eintiteas rialaithe amháin nó níos mó;
 - (ii) go gcuirtear glantuilleamh an Eintitis chun sochair a chuntais féin nó chun sochair cuntas Eintitis Rialtais amháin nó níos mó, agus gan aon chuid dá ioncam ag dul chun tairbhe d’aon duine príobháideach; agus
 - (iii) go ndílseofar sócmhainní an Eintitis in Eintiteas Rialtais amháin nó níos mó ar a dhíscaoileadh.
 - (c) Ní théann ioncam chun tairbhe do dhaoine príobháideacha más rud é go bhfuil na daoine sin ina dtairbhíthe beartaithe de chlár rialtais, agus go bhfeidhmítear gníomhaíochtaí an chláir ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne i ndáil leis an leas coiteann nó go mbaineann siad le riar céime éigin den rialtas. D’ainneoin an mhéid roimhe sin, áfach, meastar go dtéann ioncam chun tairbhe do dhaoine príobháideacha má dhíorthaítear an t-ioncam ó úsáid eintitis rialtais chun gnó tráchtála a dhéanamh, mar shampla gnó baincéireachta tráchtála, lena soláthraítear seirbhísí airgeadais do dhaoine príobháideacha.
8. Ciallaíonn ‘Eagraíocht Idirnáisiúnta’ aon eagraíocht idirnáisiúnta nó aon ghníomhaireacht nó ionstraimeacht faoi lánúinéireacht na heagraíochta sin. Áirítear leis an gcatagóir sin aon eagraíocht idir-rialtasach (lena n-áirítear eagraíocht fhornáisiúnta):
 - (a) atá comhdhéanta de rialtais go príomha;
 - (b) a bhfuil comhaontú ceanncheathrún nó comhaontú comhchosúil go substaintiúil leis an dlínse aici; agus
 - (c) nach dtéann a hioncam chun tairbhe do dhaoine príobháideacha.
9. Áirítear le ‘Sócmhainn Airgeadais’ urrús (mar shampla, sciar stoic i gcorparáid; comhpháirtíocht nó leas úinéireachta tairbhiúla i gcomhpháirtíocht nó in iontaobhas atá i seilbh fhorleathan nó atá á trádáil nó á thrádáil go poiblí; nóta, banna, banna neamhurráithe, nó fianaise eile ar fhéichiúnas), leas comhpháirtíochta, tráchtearra, babhtáil (mar shampla babhtálacha rátaí úis, babhtálacha airgeadraí, bonnbabhtálacha, caidhpeanna rátaí úis, íosrátaí úis, babhtálacha tráchtearraí, babhtálacha cothromais, babhtálacha innéacs cothromais, agus comhaontuithe comhchosúla), Conradh Árachais nó Conradh Blianachta, nó aon leas (lena n-áirítear conradh todhcháíochtaí nó conradh réamhcheaptha nó rogha) in urrús, Cripteashócmhainn Intuairiscithe, leas comhpháirtíochta, tráchtearra, babhtáil, Conradh Árachais, nó Conradh Blianachta. Ní áirítear leis an téarma ‘Sócmhainn Airgeadais’ leas díreach neamhfhiachais i réadmhaoin.

10. Ciallaíonn 'Leas Cothromais', i gcás comhpháirtíocht ar Institiúid Airgeadais í, leas caipitil nó brabúis sa chomhpháirtíocht. I gcás iontaobhas arb Institiúid Airgeadais é, meastar go bhfuil Leas Cothromais ag aon duine lena gcaitear mar shocráitheoir nó mar thairbhí an iontaobhais uile nó aon choda de, nó aon duine nádúrtha eile a fheidhmíonn rialú éifeachtach deiridh ar an iontaobhas. Caithfear le Duine Intuairiscithe mar thairbhí iontaobhais más rud é go bhfuil an ceart ag an Duine Intuairiscithe sin dáileadh sainordaitheach a fháil go díreach nó go hindíreach (trí ainmnitheach, mar shampla) nó go bhféadfaidh sé dáileadh lánroghnach a fháil go díreach nó go hindíreach ón iontaobhas.
11. Ciallaíonn 'Conradh Árachais' conradh (seachas Conradh Blianachta), faoina n-aontaíonn an t-eisitheoir méid a íoc tráth a tharlaíonn teagmhas sonraithe lena mbaineann bás, galracht, timpiste, dliteanas, nó riosca maoine.
12. Ciallaíonn 'Conradh Blianachta' conradh faoina n-aontaíonn an t-eisitheoir íocaíochtaí a dhéanamh ar feadh tréimhse ama a chinntear go hiomlán nó i bpáirt faoi threoir ionchas saoil duine aonair amháin nó níos mó. Áirítear leis an téarma freisin conradh a meastar gur Conradh Blianachta é i gcomhréir le dlí, rialachán, nó cleachtas an Bhallstáit nó na dlínse eile inar eisíodh an conradh, agus faoina n-aontaíonn an t-eisitheoir íocaíochtaí a dhéanamh ar feadh tréimhse blianta.
13. Ciallaíonn 'Conradh Árachais ar Luach in Airgead Tirim' Conradh Árachais (seachas conradh athárachais slánaíochta idir dhá chuideachta árachais) a bhfuil Luach in Airgead Tirim aige.
14. Ciallaíonn 'Luach in Airgead Tirim' an ceann is mó (i) den mhéid a bhfuil an sealbhóir polasaí i dteideal é a fháil ar ghéilleadh nó ar fhoirceannadh an chonartha (arna chinneadh gan laghdú de dheasca táille ghéilliúna ná iasacht pholasaí) agus (ii) den mhéid is féidir leis an sealbhóir polasaí a fháil ar iasacht faoin gconradh nó maidir leis an gconradh. D'ainneoin an mhéid sin, ní áirítear leis an téarma 'Luach in Airgead Tirim' méid is iníoctha faoi Chonradh Árachais:
 - (a) de dheasca bás duine árachaithe faoi chonradh árachais saoil, agus dá dheasca sin amháin;
 - (b) mar shochar i leith díobháil phearsanta nó breoiteachta nó mar shochar eile lena slánaítear cailteanas eacnamaíoch a thabhaítear tráth a tharlaíonn an teagmhas faoi árachas;
 - (c) mar aisíocaíocht phréimhe a íocadh roimhe sin (lúide costas na muirear árachais cibé acu a gearradh nó nár gearradh iad go hiarbhír) faoi Chonradh Árachais (seachas conradh árachais saoil atá infheistíocht-nasctha nó conradh blianachta) de dheasca chealú nó fhoirceannadh an chonartha, laghdú ar an neamhchosaint ar riosca i rith thréimhse éifeachtach an chonartha, nó ag éirí as ceartú breactha nó earráide comhchosúla i ndáil leis an bpréimh don chonradh;
 - (d) mar dhíbhinn sealbhóra polasaí (seachas díbhinn ar fhoirceannadh) ar choinníoll go mbaineann an díbhinn le Conradh Árachais faoinarb iad na sochair iníoctha na sochair sin a thuiriscítear i bpointe (b), agus na sochair sin amháin; nó
 - (e) mar thoradh ar réamhphréimh nó ar thaisce phréimhe do Chonradh Árachais a bhfuil an phréimh iníoctha ina leith go bliantúil ar a laghad más rud é nach mó méid na réamhphréimhe nó méid na taisce préimhe ná an chéad phréimh bhliantúil eile a bheidh iníoctha faoin gconradh.

F. Ilghnéitheach

1. Ciallaíonn 'Nósanna Imeachta maidir le Dícheall Cuí do Chustaiméirí' na nósanna imeachta custaiméara maidir le dícheall cuí atá ag Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe de bhun Threoir (AE) 2015/849 nó ceanglais chomhchosúla a bhfuil an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe sin faoina réir.
2. Ciallaíonn 'Eintiteas' duine dlítheanach nó comhshocrú dlíthiúil, mar shampla corparáid, comhpháirtíocht, iontaobhas nó fondúireacht.
3. Is 'Eintiteas Gaolmhar' de chuid Eintitis eile é Eintiteas má rialaíonn ceachtar den dá Eintiteas sin an ceann eile, nó má tá an dá Eintiteas faoi chomhrialú. Chun na críche sin, cuimsítear le rialú úinéireacht dhíreach nó indíreach ar bhreis is 50 % den vóta agus den luach in Eintiteas.

4. Ciallaíonn 'Brainse' aonad, gnó nó oifig de chuid Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe a láimhseáiltear mar bhainse faoi chóras rialála dlínse nó a rialáitear ar shlí eile faoi dhlíthe dlínse mar bhainse ar leithligh ó oifigí, aonaid nó brainsí eile den Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe. Déileálfar le gach aonad, gnó nó oifig de chuid Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe in aon dlínse amháin mar bhainse amháin.
5. Ciallaíonn 'Comhaontú Éifeachtach Cáilitheach idir Údarás Inniúla' comhaontú idir údarás inniúla Ballstáit agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í lena gceanglaítear go ndéantar uathmhalartú faisnéise, a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a shonraítear i Roinn II, mír B, den Iarscríbhinn seo, mar a chinntear le gníomh cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 8ad(11).
6. Ciallaíonn 'Dlínse Cháilithe Nach Dlínse de chuid an Aontais í' dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í a rinne Comhaontú Éifeachtach Cáilitheach idir Údarás Inniúla le húdarás inniúla na mBallstát uile a shaináithnítear mar dhlínsí intuairiscithe i liosta a d'fhoilsigh an dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í.
7. Ciallaíonn 'TIN' Uimhir Chéannachta Chánach (nó a coibhéis fheidhmiúil in éagmais Uimhir ChéannachtaChánach). Is é TIN aon uimhir nó aon chód a úsáideann údarás inniúil chun cáinócóir a shaináithint.
8. Ciallaíonn 'Seirbhís Sainitheantais' próiseas leictreonach a chuireann Ballstát nó an tAontas ar fáil saor in aisce do Sholáthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe chun céannacht agus cónaí chun críoch cánach Úsáideora Cripteashócmhainní a fhionnadh.

ROINN V

CUR CHUN FEIDHME ÉIFEACTACH

- A. Rialacha chun na ceanglais bhailithe agus fíoraithe a leagtar síos i Roinn III a fhorfheidhmiú
 1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena gceanglaítear ar Sholáthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe na ceanglais bhailithe agus fíoraithe faoi Roinn III a fhorfheidhmiú i ndáil lena nÚsáideoirí Cripteashócmhainní.
 2. I gcás nach soláthraíonn Úsáideoir Cripteashócmhainní an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Roinn III tar éis dhá mheabharrúchán i ndiaidh an chéad iarraidh a fháil ón Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, ach ní roimh dheireadh 60 lá, cuirfidh an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe cosc ar an Úsáideoir Cripteashócmhainní Idirbhearta Intuairiscithe a dhéanamh.
- B. Rialacha lena gceanglaítear ar Sholáthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe taifid a choimeád de na bearta a ghlactar agus ar aon fhaisnéis ar a mbraitear le haghaidh fheidhmiú na gceanglas tuairiscithe agus na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí agus bearta leordhóthanacha a dhéanamh chun na taifid sin a fháil
 1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena gceanglaítear ar Sholáthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe taifid a choimeád ar na bearta a ghlactar agus ar aon fhaisnéis ar a mbraitear le haghaidh fheidhmiú na gceanglas tuairiscithe na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí a leagtar amach i Ranna II agus III, faoi seach. Beidh na taifid sin fós ar fáil ar feadh tréimhse a bheidh fada go leor agus in aon chás ar feadh tréimhse nach lú na cúig bliana ach nach faide ná 10 mbliana tar éis dheireadh na tréimhse ar lena linn atá de cheangal ar an Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe an fhaisnéis a thuairiscíú má tá an fhaisnéis intuairiscithe de bhun Roinn II.
 2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá, lena n-áireofar an fhéidearthacht ordú tuairiscithe a sheoladh chuig Soláthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe, chun a áirithiú go dtuairisceofar an fhaisnéis uile is gá don údarás inniúil chun gur féidir leis an údarás sin an oibleagáid maidir le faisnéis a chur in iúl i gcomhréir le hAirteagal 8ad(3) a chomhlíonadh.
- C. Nósanna imeachta riaracháin chun a fhíorú go gcomhlíonann Soláthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe na ceanglais tuairiscithe agus na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí

Leagfaidh na Ballstáit síos nósanna imeachta riaracháin chun a fhíorú go gcomhlíonann Soláthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe na ceanglais tuairiscithe agus na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí a leagtar amach i Ranna II agus III, faoi seach.

- D. Nósanna imeachta riaracháin chun obair leantach a dhéanamh le Soláthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe i gcás ina dtuairiscítear faisnéis neamhiomlán nó mhíchruinn

Leagfaidh na Ballstáit síos nósanna imeachta chun obair leantach a dhéanamh le Soláthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe i gcás ina mbeidh an fhaisnéis a thuairisceofar neamhiomlán nó míchruinn.

- E. Nós imeachta riaracháin maidir le húdará Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní

Déanfaidh údarás inniúil Ballstáit a thugann údarú do Sholáthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1114 liosta de na Soláthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní údaraithe uile a chur in iúl don údarás inniúil go tráthrialta agus ar a dhéanaí roimh an 31 Nollaig den bhliain féilire ábhartha nó de thréimhse tuairiscithe iomchuí eile, faoin Treoir seo, más údarás éagsúil é sin.

- F. Nós imeachta riaracháin maidir le clárú aonair Oibreora Cripteashócmhainní

1. Maidir le hOibreoir Cripteashócmhainní ar Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe é mar a shainmhínítear i Roinn IV, fohmír B(3), cláróidh sé, de bhun Airteagal 8ad(7), le húdarás inniúil an Bhallstáit, arna chinneadh i gcomhréir le Roinn I, fohmír A(2), pointe (a), (b), (c) nó (d), nó mír B, roimh dheireadh na tréimhse ar lena linn nach mór don Oibreoir Cripteashócmhainní sin an fhaisnéis a leagtar amach i Roinn II, mír B, a thuairisciú. Má chomhlíonann an tOibreoir Cripteashócmhainní sin na coinníollacha i Roinn I, fohmír A(2), pointe (a), (b), (c) nó (d), nó mír B, faoi seach, i níos mó ná Ballstát amháin, cláróidh sé, de bhun Airteagal 8ad(7), le húdarás inniúil i gceann amháin de na Ballstáit sin, roimh dheireadh na tréimhse ar lena linn nach mór don Oibreoir Cripteashócmhainní an fhaisnéis a leagtar amach i Roinn II, mír B, a thuairisciú.

D'ainneoin fohmír F(1), an chéad fohmír, maidir le hOibreoir Cripteashócmhainní ar Soláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní Tuairiscithe é mar a shainmhínítear i Roinn IV, fohmír B(3), ní chláróidh sé le húdarás inniúil Ballstáit, ar ann nach gceanglaítear ar an Oibreoir Cripteashócmhainní sin na ceanglais tuairiscithe agus na ceanglais maidir le dícheall cuí a leagtar amach i Ranna II agus III, faoi seach, de bhun Roinn I, míreanna C, D, E, F, G nó H a chur i gcrích, de bhua na ceanglais sin a bheith á gcur i gcrích ag an Oibreoir Cripteashócmhainní sin in aon Bhallstát eile.

2. Ar chlárú dó, cuirfidh an tOibreoir Cripteashócmhainní an fhaisnéis seo a leanas in iúl do Bhallstát a chláráithe aonair, arna chinneadh i gcomhréir le fohmír F(1):

- (a) ainm;
- (b) seoladh poist;
- (c) seoltaí ríomhphoist, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin;
- (d) aon TIN a eisíodh don Oibreoir Cripteashócmhainní;
- (e) na Ballstáit ina bhfuil Úsáideoirí Intuairiscithe ina gcónaitheoirí de réir bhrí Roinn III, míreanna A agus B;
- (f) aon Dlíne Cháilithe nach Dlíne de chuid an Aontais í dá dtagraítear i Roinn I, míreanna C, D, E, F nó H.

3. Tabharfaidh an tOibreoir Cripteashócmhainní fógra do Bhallstát an chláráithe aonair maidir le haon athrú ar an bhfaisnéis a soláthraíodh faoi fohmír F(2).

4. Déanfaidh Ballstát an chláráithe aonair uimhir chéannachta aonair a leithdháileadh ar an Oibreoir Cripteashócmhainní agus tabharfaidh sé fógra ina leith d'údaráis inniúla na mBallstát uile trí mheáin leictreonacha.

5. Beidh Ballstát an chlárúcháin aonair in ann Oibreoir Cripteashócmhainní a bhaint de chlár na nOibreoirí Cripteashócmhainní sna cásanna seo a leanas:

- (a) tugann an tOibreoir Cripteashócmhainní fógra don Bhallstát sin nach bhfuil Úsáideoirí Intuairiscithe aige san Aontas a thuilleadh;
- (b) in éagmais fógra de bhun phointe (a), tá forais ann lena ghlacadh leis go bhfuil gníomhaíocht an Oibreora Cripteashócmhainní scortha;

- (c) ní chomhlíonann an tOibreoir Cripteashócmhainní a thuilleadh na coinníollacha a leagtar síos i Roinn IV, fomhír B(2);
- (d) chúlghair an Ballstát an clárú lena údarás inniúil de bhun fhomhír F(7).
6. Maidir le haon Oibreoir Cripteashócmhainní, de réir bhrí Roinn IV, fomhír B(2), ag a bhfuil Úsáideoirí Intuairiscithe ina gcónaí san Aontas gan é féin a chlárú de bhun na míre seo, tabharfaidh gach Ballstát fógra láithreach don Choimisiún ina leith sin. I gcás nach gcomhlíonann Oibreoir Cripteashócmhainní an oibleagáid maidir le clárú nó i gcás inar cúlghaireadh a chlárú i gcomhréir le fomhír F(7) den Roinn seo, déanfaidh na Ballstáit, gan dochar d'Airteagal 25a, bearta a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach chun comhlíonadh laistigh dá ndlíne a fhorfheidhmiú. Leanfaidh rogha na mbearta sin de bheith faoi rogha na mBallstát. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall chomh maith a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú, gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh comhlíonadh a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear, mar rogha deiridh, cosc a chur ar Oibreoir Cripteashócmhainní a bheith in ann oibriú san Aontas.
7. I gcás nach gcomhlíonann Oibreoir Cripteashócmhainní an oibleagáid maidir le tuairisciú i gcomhréir le Roinn II, mír B, den Iarscríbhinn seo tar éis dhá mheabhrúchán ó Bhallstát, déanfaidh Ballstát an chlárucháin aonair, gan dochar d'Airteagal 25a, na bearta is gá chun clárú an Oibreora Cripteashócmhainní a rinneadh de bhun Airteagal 8ad(7) a chúlghairm. Cúlghairfear an clárú tráth nach déanaí ná 90 lá ach tráth nach luaithe ná 30 lá tar éis an dara meabhrúchán.
-